AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 25.3.2026
COM(2026) 135 final

2026/0078 (COD)

Togra le haghaidh

# RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

## maidir leis an gClár um nuálaíocht shofhreagrach mhear i réimse na cosanta a bhunú

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

### 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

### • Forais agus cuspóirí an togra

Tá dlús ag teacht ar thimthriallta nuálaíochta i réimse na cosanta ar luas nach bhfacthas a leithéid riamh cheana. Tá teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn agus atá suaiteach i réimsí amhail an Intleacht Shaorga (IS), candam, róbataic, cibearspás agus spás ag éirí cinntitheach le haghaidh éifeachtacht mhíleata. An tráth céanna, tá gníomhaithe Cosanta Nua (go háirithe Fiontair Bheaga agus Mheánmhéide (FBManna) agus gnólachtaí nuathionscanta, lena n-áirítear iad siúd a thagann ón earnáil shibhialtach), ag éirí a bheith ina spreagadh mór chun tionscal cosanta an Aontais a chlaochlú. Trí thimthriallta nuálaíochta níos tapúla, níos mó lúfaireachta, réitigh chostéifeachtúla agus coincheapa oibríochtúla nua a chumasú, tá athmhúnlú á dhéanamh ag na gníomhaithe sin ar an gcaoi a ndéantar teicneolaíochtaí agus táirgí cosanta nuálacha a fhorbairt agus a sholáthar.

Le blianta beaga anuas, tá dul chun cinn nach beag déanta ag an Aontas Eorpach maidir le taighde agus forbairt i réimse na cosanta a neartú. Is é an Ciste Eorpach Cosanta clár suaitheanta T&F cosanta an Aontais agus tá ról lárnach aige maidir le T&F cosanta struchtúrtha, fadtéarmach agus comhoibritheach a chothú ar fud na hEorpa. Trí thacú le tionscadail mhórscála a bhfuil baint ag roinnt Ballstát leo, cumasaítear leis an gCiste Eorpach Cosanta córais chosanta atá casta, costasach agus sofaisticiúil ó thaobh na teicneolaíochta de a fhorbairt nach bhféadfadh aon Bhallstát amháin a fhorbairt ina aonar. Tá ról lárnach aige maidir le comhar tionsclaíoch trasteorann a neartú[1], ilroinnt a laghdú agus an bonn teicneolaíoch agus tionsclaíoch atá mar bhonn taca faoi chumais chosanta fhadtéarmacha na hEorpa a threisiú.

Laistigh den chreat sin, seoladh tionscnaimh spriocdhírithe ar leibhéal an Aontais chun tacaíocht fheabhsaithe a thabhairt don nuálaíocht agus do ghníomhaithe cosanta neamhthraidisiúnta. Laistigh de chreat an Chiste Eorpaigh Cosanta, tugann Scéim Nuálaíochta Cosanta an Aontais (EUDIS) tacaíocht spriocdhírithe do ghníomhaithe cosanta neamhthraidisiúnta, lena n-áirítear FBManna agus gnólachtaí nuathionscanta nuálacha agus gnólachtaí nuálacha atá i mbun fáis. Ina theannta sin, feidhmíonn an Mol Nuálaíochta um Chosaint an Aontais, a sheol an Ghníomhaireacht Eorpach um Chosaint (GEC) in 2022, mar ardán lena gcothaítear dlúthchomhar idir na Ballstáit agus páirtithe leasmhara an Aontais maidir le cúrsaí nuálaíocht i réimse na cosanta. Tá sé d’aidhm freisin ag clár DIANA de chuid ECAT, ag Ciste Nuálaíochta ECAT agus ag an bPlean Gníomhaíochta maidir le Glacadh Mear dlús a chur le glacadh teicneolaíochtaí cosanta nua agus tacú le gníomhaithe cosanta nua.

I dteannta a chéile, is cnámh droma láidir iad na hionstraimí sin do thaighde cosanta agus d’fhorbairt teicneolaíochta san Eoraip atá marthanach, comhoibritheach agus dírithe go straitéiseach. An tráth céanna, leis an timpeallacht slándála atá ag athrú go tapa, cuirtear i dtábhacht an gá atá leis na hionstraimí sin a chomhlánú le sásraí breise atá saincheaptha do dhinimicí nuálaíochta éagsúla. An tSíocháin a Chaomhnú – Treochlár 2030 maidir le hUllmhacht Cosanta[2] agus sa Pháipéar Bán maidir le Todhchaí Chosaint na hEorpa 2030,[3]leagadh béim ar an ngá atá le dlús a chur leis an nuálaíocht, an t-am chun an mhargaidh

---

[1] Gan dochar do rialacha iomaíochta an Aontais, go háirithe Airteagal 101 CFAE

[2] An tSíocháin a Chaomhnú – Treochlár 2030 maidir le hUllmhacht Cosanta

[3] Páipéar Bán maidir le Todhchaí Chosaint na hEorpa 2030

a ghiorrú agus glacadh tapa teicneolaíochtaí suaiteacha a áirithiú chun tacú le hullmhacht cosanta an Aontais.

I dTreochlár um Chlaochlú Thionscal Cosanta an Aontais[4], a glacadh an 19 Samhain 2025, iarrtar go ndéanfaí athrú ó bhonn ar mheon agus ar phróisis ar fud éiceachóras cosanta na hEorpa i dtreo luas, lúfaireacht agus dul i riosca níos mó. Déantar an gá atá le cineálacha nua cur chuige níos freagrúla a fhorbairt a shainaithint go sainráite ann, chun tacú leis an nuálaíocht shuaiteach i réimse na cosanta agus le teacht chun cinn gníomhaithe Nua i réimse na Cosanta.

I bhfianaise an mhéid sin, is gá feabhas a chur ar acmhainneacht an Aontais tacú le nuálaíocht mhear ar leibhéal na hullmhachta teicneolaí a fhreagraíonn go díreach do riachtanais phráinneacha forbartha cumais na mBallstát. De réir a dhearaidh, tá an Ciste Eorpach Cosanta an-oiriúnach do chláir fhadtéarmacha, chasta agus dhianchaipitiúla a thairbhíonn de chomhar tionsclaíoch trasteorann agus d'ailíniú straitéiseach i measc na mBallstát. An tráth céanna, tugann príomhchuspóirí agus ailtireacht nós imeachta chaighdeánach an Chiste Eorpaigh Cosanta tús áite go nádúrtha don stóinseacht, don chuimsitheacht agus don scálú thar luas.

Mar sin féin, is minic a bhíonn deacrachtaí ag nuálaíochtaí cosanta a bhfuil gealladh fúthu, go háirithe iad siúd a eascraíonn as teicneolaíochtaí sibhialtacha nó as cuideachtaí beaga, an bhearna idir forbairt agus cur in úsáid oibríochtúil a dhúnadh. Is féidir leis sin moill a chur ar scálú réiteach ceannródaíoch, teorainn a chur le teacht chun cinn gníomhaithe nua cosanta, agus moill a chur ar an nuálaíocht a aistriú chuig cumais le haghaidh fórsaí armtha.

Chun aghaidh a thabhairt ar an mbearna shonrach sin, moladh sa Treochlár um Chlaochlú Thionscal Cosanta an Aontais clár um nuálaíocht shofhreagrach mhear i réimse na cosanta a bhunú. Ceaptar an Clár um Nuálaíocht Shofhreagrach Mhear i Réimse na Cosanta mar ionstraim chomhlántach le Ciste Eorpach Cosanta agus EUDIS, chomh maith le cláir chosanta eile de chuid an Aontais, a chomhlíonann ról ar leith atá atreisitheach chomh maith. Is éard atá in EUDIS scáth gníomhaíochtaí atá leabaithe laistigh den Chiste Eorpach Cosanta, lena n-áirítear deontais spriocdhírithe T&F, haiceatóin, luasaire gnó agus gníomhaíochtaí líonraithe. I gcás cuideachtaí a bhí ag gabháil cheana féin do ghníomhaíochtaí cosanta an Aontais amhail Haiceatóin EUDIS nó an Luasaire Gnó, bheadh an Clár um Nuálaíocht Shofhreagrach Mhear i Réimse na Cosanta ina chéad chéim nádúrtha eile, lena gcuirfí tacaíocht thapa chuíchóirithe ar fáil chun a réitigh a thabhairt chun an mhargaidh go tapa. Dá réir sin, cuireann an Ciste Eorpach Cosanta conair níos fadtéarmaí ar fáil, lena gcomhtháthaítear na cuideachtaí sin i gcomhar tionsclaíoch cosanta níos leithne, i slabhraí soláthair uile-Eorpacha agus i gcomhpháirtíochtaí leanúnacha T&F. Dá bhrí sin, tá an dá ionstraim comhlántach trí dhearadh, lena dtugtar aghaidh ar chéimeanna éagsúla d'aistear nuálaíochta cosanta cuideachta a threisíonn a chéile.

Tá sé deartha mar chlár mear solúbtha atá dírithe ar mhisin atá in ann tacú le timthriallta nuálaíochta tapa, glacadh riosca níos airde agus réitigh atá ábhartha ó thaobh oibríochta de a sholáthar go tapa faoin gCreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) atá ann faoi láthair go dtí go dtiocfaidh dálaí comhchosúla i bhfeidhm in CAI 2028-2034.). Sa chiall sin, d'fhéadfadh an Clár um Nuálaíocht Shofhreagrach Mhear i Réimse na Cosanta feidhmiú freisin mar mhodh tástála le haghaidh roinnt de na forálacha a chumhdaítear sa togra le haghaidh CEI atá le teacht.

[4] An Treochlár um Chlaochlú Thionscal Cosanta an Aontais

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Tá an Rialachán seo lena mbunaítear an Clár um Nuálaíocht Shofhreagrach Mhear i Réimse na Cosanta go hiomlán comhsheasmhach agus comhlántach leis an dul chun cinn atá déanta go dtí seo chun tacú le nuálaíocht i réimse na cosanta i gcláir agus i dtionscnaimh leanúnacha an Aontais.

Is tosaíocht straitéiseach ar leibhéal an Aontais í an nuálaíocht i réimse na cosanta. Sa Straitéis um an Tionscal Cosanta Eorpach, sa Pháipéar Bán maidir le Todhchaí Chosaint na hEorpa 2030, an tSíocháin a Chaomhnú – Treochlár 2030 maidir le hUllmhacht Cosanta, agus i dTreochlár um Chlaochlú Thionscal Cosanta an Aontais a glacadh an 19 Samhain 2025, cuirtear i dtábhacht an gá atá le dlús a chur leis an nuálaíocht, an t-am go dtí an margadh a ghiorrú, agus glacadh tapa teicneolaíochtaí suaiteacha a áirithiú chun tacú le hullmhacht cosanta an Aontais.

Iarrtar sa Treochlár um Chlaochlú an Tionscail Cosanta go ndéanfaí athrú ó bhonn ar mheon agus ar phróisis ar fud éiceachóras cosanta na hEorpa i dtreo luas, lúfaireacht agus dul i riosca níos mó, agus sainaithnítear ann an gá atá le cineálacha cur chuige nua agus níos freagrúla a fhorbairt chun tacú le nuálaíocht cosanta shuaiteach agus le teacht chun cinn gníomhaithe cosanta nua.

Léiríonn an treo straitéiseach sin timpeallacht bhagartha atá ag athrú go tapa. Tá ról atá ag éirí níos tábhachtaí ag teicneolaíochtaí nua i gcoinbhleacht nua-aimseartha, lena n-áirítear teicneolaíochtaí de thionscnamh na hearnála sibhialtaí. Léirigh cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine an ábharthacht oibríochtúil, réitigh ar chostas íseal is féidir a atriall go tapa, lena n-áirítear teicneolaíochtaí atá bunaithe ar bhogearraí agus teicneolaíochtaí dé-úsáide, agus leag sé béim ar a thábhachtaí atá sé timthriallta nuálaíochta a ghiorrú. Tá an cumas teicneolaíochtaí den sórt sin a shainaithint, a oiriúnú agus a chur in oiriúint ar luas ina phríomhriachtanas oibríochtúil anois d'fhórsaí armtha.

D'fhorbair an tAontas creat substaintiúil chun tacú leis an nuálaíocht i réimse na cosanta mar fhreagairt ar na dúshláin sin trí chláir agus tionscnaimh a sheoladh go rathúil arb é is aidhm dóibh iomaíochas agus acmhainneacht nuálaíochta BTTCE a chothú, lena n-áirítear maidir le FBManna, lena n-áirítear gnólachtaí nuathionscanta, cuideachtaí meánchaipitlithe, eagraíochtaí taighde agus gníomhaithe cosanta neamhthraidisiúnta. Is é an Ciste Eorpach Cosanta clár suaitheanta an Aontais le haghaidh taighde agus forbairt chomhoibríoch i réimse na cosanta, lena gcuirtear tacaíocht nach beag ar fáil ar fud thimthriall iomlán T&F, lena n-áirítear le tagairtí do theicneolaíochtaí suaiteacha. Go sonrach, laistigh den Chiste Eorpach Cosanta, le Scéim Nuálaíochta Cosanta an Aontais (EUDIS), arb ionann í agus thart ar 20 % de bhuiséad bliantúil an Chiste Eorpaigh Cosanta, soláthraítear tacaíocht thiomnaithe shonrach do ghníomhaithe cosanta neamhthraidisiúnta, lena n-áirítear gnólachtaí nuathionscanta, FBManna agus cuideachtaí agus eagraíochtaí nuálacha eile.

Ag tógáil air sin, tá bearta breise déanta ag an gCoimisiún chun luas agus inrochtaineacht thacaíocht nuálaíochta cosanta an Aontais a mhéadú. Leis an mion-Rialachán omnibus[5] chun infheistíochtaí a bhaineann le cosaint i mbuiséad an Aontais a dhreasú, leathnaíodh raon feidhme Luasaire CNE chun nuálaíochtaí a bhfuil acmhainneacht dé-úsáide acu agus Scéim CNE um Uas-scálú STEP a chumhdach, atá laistigh de 'Fís Eorpach - an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht' araon, chun tacú leis an nuálaíocht i dteicneolaíochtaí cosanta criticiúla. Is é sin an t-aon ionstraim de chuid an Aontais atá in ann tacú le cuideachtaí

[5] Rialachán - AE - 2025/2653 - GA - EUR-Lex

nuálacha cosanta a bhfuil infheistíochtaí cothromais díreacha acu, rud a chruthaíonn conairí móra nua dóibh chun rochtain a fháil ar thacaíocht ón Aontas.

Leis an Omnibus um Ullmhacht Cosanta[6] agus leis an mion-Rialachán omnibus araon, tugadh isteach simplithe nós imeachta le haghaidh ghlaonna an Chiste Eorpaigh Cosanta maidir le FBManna agus teicneolaíocht shuaiteach, rud a laghdaigh an t-ualach riaracháin agus a ghiorraigh na hamlínte meastóireachta le haghaidh na gcatagóirí sin. Is dul chun cinn fóinteach iad na bearta sin i dtreo tacaíocht níos solúbtha agus níos freagrúla ón Aontas don nuálaíocht i réimse na cosanta.

I dteannta a chéile, tá bunús láidir bunaithe leis na hionstraimí sin chun tacú le nuálaíocht cosanta na hEorpa. Mar sin féin, tá bearnaí struchtúracha fós ann nach bhfuil na hionstraimí atá ann cheana ceaptha chun aghaidh a thabhairt go hiomlán orthu. Léiríonn ceanglais bhonnlíne an Chiste Eorpaigh Cosanta maidir le cuibhreannais a fhócas comhoibríoch ar leibhéal an chórais, rud a rannchuidíonn le tionscadail trasteorann agus le slabhraí soláthair nua de chuid an Aontais a chruthú. Leathnaíodh raon feidhme Luasaire CNE, lena gcuirtear deontais agus tacaíocht chothromais ar fáil do chuideachtaí aonair, chun nuálaíocht dé-úsáide a chumhdach; mar sin féin, ní leathnaítear a shainchúram chuig feidhmeanna atá dírithe ar chosaint amháin. Thairis sin, tá tacaíocht don chosaint faoi CNE teoranta faoi láthair do mhaoiniú cothromais faoi Scéim um Uas-scálú STEP, rud a fhágann bearna le haghaidh cineálacha eile tacaíochta ón Aontas atá dírithe ar fhorbairt a bhaineann go sonrach leis an gcosaint, lena n-áirítear deontais.

Dá bhrí sin, deartar Clár um Nuálaíocht Shofhreagrach Mhear i Réimse na Cosanta i gcomhlántacht agus i gcomhsheasmhacht leis an dul chun cinn agus leis na torthaí a bhaintear amach le cláir agus tionscnaimh an Aontais san earnáil. Díreoidh sé ar eintitis aonair (go háirithe FBManna, lena n-áirítear gnólachtaí nuathionscanta nuálacha agus gnólachtaí atá i mbun fáis) agus beidh struchtúr air chun an t-am go dámhachtain a laghdú go mór. Dá bhrí sin, tá seasamh comhlántach ag an gclár laistigh de thimpeallacht tacaíochta níos leithne an Aontais maidir le nuálaíocht i réimse na cosanta, lena dtacaítear le EDTIB, trí dhíriú go príomha ar FBManna, lena n-áirítear gnólachtaí nuathionscanta, agus ar ullmhacht cosanta fhoriomlán an Aontais agus a Bhallstát.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Tá an Rialachán go hiomlán comhsheasmhach le raon leathan cuspóirí beartais agus tosaíochtaí straitéiseacha de chuid an Aontais, go háirithe slándáil agus cosaint, iomaíochas agus nuálaíocht, agus simpliú, agus rannchuidíonn sé leo.

Le Clár Oibre Straitéiseach an Aontais 2024-2029, cuirtear an tslándáil agus an chosaint i gcroílár thosaíochtaí polaitiúla an Aontais, lena ngealltar spleáchais straitéiseacha a laghdú, acmhainneachtaí cosanta a mhéadú, agus tógáil Aontais Eorpaigh um an gCosaint a chur chun cinn. Treisíonn na Treoirlínte Polaitiúla don Choimisiún Eorpach 2024-2029 an treo sin. Rannchuidíonn an Rialachán atá beartaithe go díreach leis na cuspóirí sin.

Tá an Clár um Nuálaíocht Shofhreagrach Mhear i Réimse na Cosanta comhsheasmhach freisin le Teachtaireacht Chomhpháirteach an 26 Márta 2025 maidir leis an Straitéis Eorpach um Aontas na hUllmhachta. Chuige sin, tá gá le comhar sibhialta-míleata feabhsaithe, le hidirghníomhaíocht fheabhsaithe idir gníomhaithe sibhialtacha agus míleata. Tá an cur chuige sin ríthábhachtach don Rialachán seo, a bhfuil sé d'aidhm aige freisin sineirgí le

[6] Omnibus maidir le hUllmhacht Cosanta - an Tionscal Cosanta agus an Spás

teicneolaíochtaí sibhialtacha a chothú. Le Clár um Nuálaíocht Shofhreagrach Mhear i Réimse na Cosanta, cuirfear béim láidir ar theicneolaíochtaí sibhialtacha don chosaint a ghiaráil, agus ar shineirgí idir taighde agus nuálaíocht chosanta agus shibhialtach a fheabhsú.

Tá an Rialachán atá beartaithe i gcomhréir freisin le tosaíochtaí beartais an Aontais maidir le hiomaíochas. Sainaithnítear sa Chompás Iomaíochais, a glacadh i mí Feabhra 2025 agus a chuireann le Tuarascáil Draghi, an bhearna nuálaíochta a dhúnadh agus taighde a aistriú ina dtáirgí atá réidh don mhargadh agus inscálaithe mar cheann de na tosaíochtaí struchtúracha is práinní atá ag an Aontas, agus béim ar leith á leagan ar an teicneolaíocht dhomhain, ar theicneolaíochtaí dé-úsáide, agus ar earnálacha ina bhfuil ceannasacht na hEorpa i mbaol.

Rannchuidíonn an Rialachán leis an gcuspóir sin trí dhlús a chur leis an timthriall idir nuálaíocht agus seachadadh in earnáil na cosanta agus trí thacaíocht spriocdhírithe a chur ar fáil do ghníomhaithe cosanta nua (go háirithe FBManna, lena n-áirítear gnólachtaí nuathionscanta nuálacha agus gnólachtaí nuálacha atá i mbun fáis) arb iad is mó a spreagann forbairt theicneolaíoch shuaiteach san Eoraip, rud a thacaíonn go díreach le sprioc an Aontais a cheannasacht theicneolaíoch a neartú agus spleáchais straitéiseacha in earnálacha criticiúla a laghdú.

Sna Treoirlínte Polaitiúla don Choimisiún Eorpach 2024-2029, sainaithnítear an simpliú mar phríomhthosaíocht pholaitiúil thrasnach. Tá tábhacht ar leith ag baint leis sin do na gníomhaithe cosanta neamhthraidisiúnta a ndíríonn Clár um Nuálaíocht Shofhreagrach Mhear i Réimse na Cosanta orthu, a mbíonn cumais theicneolaíocha an-ábhartha acu go minic ach nach mbíonn na hacmhainní acu chun dul i ngleic le próisis chistiúcháin chasta fhada.

Tá an togra le haghaidh an Rialacháin i gcomhréir freisin le príomhthosaíocht pholaitiúil thrasnach an tsimplithe faoi na cuspóirí a bhaineann le rathúnas inbhuanaithe, iomaíochas agus nuálaíocht na hEorpa. Leis an gCompás Iomaíochais agus leis na pacáistí simplithe Omnibus ina dhiaidh sin, tugtar léiriú nithiúil ar an ngealltanas sin, lena n-iarrtar laghdú nach beag ar an ualach riaracháin, go háirithe do FBManna, agus ar ionstraimí cistiúcháin atá inrochtana, tapa agus comhréireach. Comhlánaíonn Clár um Nuálaíocht Shofhreagrach Mhear i Réimse na Cosanta an Omnibus um Ullmhacht Cosanta, le cuspóirí sonracha na práinne agus na lúfaireachta.

Tá an Rialachán ceaptha i gcomhréir iomlán leis na cuspóirí sin, ós rud é go n-áireofar i gClár um Nuálaíocht Shofhreagrach Mhear i Réimse na Cosanta nósanna imeachta simplithe meastóireachta agus dámhachtana, rud a fhágfaidh go mbeidh sé níos éasca d’fhaighteoirí rochtain a fháil ar chistiú agus ar thacaíocht, rud a laghdóidh an t-ualach riaracháin agus a ghiorróidh an t-am go dámhachtain.

Tá an clár atá beartaithe go hiomlán comhsheasmhach freisin leis na tograí ón gCoimisiún don chéad Chreat Airgeadais Ilbhliantúil eile, go háirithe an Ciste Eorpach um Iomaíochas (CEI). Áirítear ann forálacha amhail an idirghabháil aslaigh nó an fhéidearthacht cur chuige níos solúbtha agus níos inrochtana a úsáid chun tionscadail agus smaointe nuálacha a shainaithint, a roghnú agus tacú leo, lena n-áirítear trí nósanna imeachta dámhachtana atá neodrach ó thaobh ionstraimí de. Ar deireadh, tá an togra gan dochar do chur i bhfeidhm rialacha iomaíochta an Aontais.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Tá an Clár um Nuálaíocht Shofhreagrach Mhear i Réimse na Cosanta bunaithe ar Airteagal 173 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) (iomaíochas thionscal cosanta an Aontais)

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

Ní féidir le gníomhaíocht na mBallstát amháin aghaidh a thabhairt go leordhóthanach ar na dúshláin slándála agus chosanta atá ag athrú go tapa agus atá os comhair an Aontais ar an scála agus ar an luas is gá. Tá gá le gníomhaíocht chomhordaithe ar leibhéal an Aontais chun díspreagadh inchreidte a áirithiú agus chun ceannaireacht theicneolaíoch a choinneáil ar bun i réimse na cosanta.

Tá éagsúlacht mhór idir na sásraí náisiúnta atá ann cheana a thacaíonn leis an nuálaíocht i réimse na cosanta ar fud na mBallstát. Níl sásraí ag na Ballstáit uile chun tacú le nuálaíocht mhear i réimse na cosanta, rud a fhágann nach bhfuil rochtain ag gnólachtaí nuálacha i roinnt tíortha ar dheiseanna cistiúcháin. I gcás inarb ann do shásraí den sórt sin, is gnách leo tosaíocht a thabhairt d'éiceachórais intíre, rud a chuireann teorainn leis an gcomhar trasteorann agus a threisíonn sadhlanna náisiúnta. Cuireann an tírdhreach ilroinnte sin bac ar theacht chun cinn conairí nuálaíochta uile-Aontais agus cuireann sé cosc ar réitigh nuálacha a thástáil, a scálú agus a chur in úsáid go tapa ar fud an Aontais.

Sa chomhthéacs sin, tá gá le clár ar leibhéal an Aontais a mbeidh rochtain ag na Ballstáit uile air chun cur chuige comhsheasmhach cuimsitheach a bhunú i leith na nuálaíochta cosanta. Thabharfadh clár den sórt sin ar leibhéal an Aontais aghaidh go díreach ar na dúshláin sin. Bheadh sé inrochtana d'eintitis ó na Ballstáit uile agus dhíreodh sé ar réitigh a fhorbairt le haghaidh riachtanais phráinneacha chosanta arna sainaithint agus arna gcomhroinnt ag roinnt acu, agus ar an gcaoi sin comhar a chothú agus soláthar comhpháirteach a éascú.

Thairis sin, thacódh sé le méadú BTTCE trí theacht chun cinn gníomhaithe cosanta nua ar fud an Aontais a chumasú. An tráth céanna, rannchuideodh sé leis an spleáchas ar chórais agus réitigh chosanta tríú tíortha a laghdú. Trí bhéim ar leith a leagan ar réitigh chosanta a imscaradh go tapa, lena n-áirítear trí thástáil atriallach le rannpháirtíocht agus aiseolas díreach ó na Ballstáit, chuirfeadh an clár feabhas freisin ar idir-inoibritheacht, toradh ar lú i bhfad an dóchúlacht go mbainfí amach é trí shásraí a bhainistítear go náisiúnta amháin.

- **Comhréireacht**

Ní théann na bearta a leagtar amach i gClár um Nuálaíocht Shofhreagrach Mhear i Réimse na Cosanta thar a bhfuil fíor-riachtanach chun a gcuspóirí a bhaint amach, tá siad comhréireach le scála agus le práinn na bhfadhbanna a sainaithníodh maidir leis na cuspóirí sin.

Is é is aidhm don Rialachán lena mbunaítear an clár ionstraim de chuid an Aontais atá tapa, solúbtha agus dírithe ar mhisin a chruthú chun dlús a chur leis an nuálaíocht shuaiteach i réimse na cosanta agus chun réitigh a sholáthar go tapa a fhreagraíonn do riachtanais phráinneacha chosanta agus slándála arna sainaithint ag na Ballstáit. Úsáidfear é chun cineálacha cur chuige nuálacha a thástáil agus chun ceachtanna oibríochtúla a bhailiú don chéad CAI eile. Chun an cuspóir sin a bhaint amach, déantar na bearta atá beartaithe a chalabrú go cúramach chun go mbeidh siad comhréireach le riachtanais an Rialacháin.

Leanann an Rialachán cur chuige spriocdhírithe cúng ó thaobh ama, raon feidhme agus buiséid de. Beidh tionchar an chláir teoranta go príomha do ghrúpa spriocdhírithe páirtithe leasmhara sa tionscal cosanta, agus béim ar leith á leagan ar FBManna nuálacha, lena n-áirítear gnólachtaí nuathionscanta nuálacha agus gnólachtaí nuálacha atá i mbun fáis. Leis an gcur chuige spriocdhírithe sin, íoslaghdaítear an tionchar ar an earnáil shibhialtach. Thairis sin, chruthódh an Clár deiseanna don earnáil shibhialtach rannchuidiú le nuálaíocht cosanta a fheabhsú ar fud an Aontais, sineirgí a neartú agus timpeallacht chomhoibríoch a chothú.

- **An rogha ionstraime**

Is é Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mholann an Coimisiún. Is é seo an ionstraim dlí is oiriúnaí toisc nach féidir ach le Rialachán, lena chur i bhfeidhm aonfhoirmeach, a chineál agus a infheidhmeacht dhíreach, an leibhéal aonfhoirmeachta is gá a sholáthar chun dlús a chur le nuálaíocht cosanta shuaiteach agus chun réitigh a sholáthar go tapa a fhreagraíonn do riachtanais phráinneacha chosanta Bhallstáit an Aontais.

## 3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ *EX POST*, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

D'fhoilsigh an Coimisiún Glao ar Fhianaise ar an tairseach 'Cloisimis Uait' an 17 Feabhra, a bhí ar oscailt ar feadh 4 seachtaine. Fuair an Glao ar Fhianaise 6 fhreagra ó réimse páirtithe leasmhara, lena n-áirítear saoránaigh den Aontas (4 fhreagra) agus cuideachtaí/gnólachtaí (2 fhreagra), agus tháinig freagróirí ón mBeilg, ón Iodáil, ón tSlóvaic, ón Spáinn agus ón nGearmáin. Cumhdaíodh réimse leathan ábhar sna haighneachtaí, lena n-áirítear tacaíocht agus tograí sonracha chun sásraí cistiúcháin níos solúbtha agus níos fabhraí do ghnólachtaí nuathionscanta a dhearadh, moltaí maidir le trédhearcacht agus creataí frithbhrabúsaíochta le haghaidh soláthar cosanta, agus moltaí maidir le conas an clár a dhearadh agus a chur chun feidhme chun FBManna nuálacha agus iontrálaithe nua a chomhtháthú ar bhealach níos fearr.

Ina theannta sin, cuireann an Rialachán le próiseas forleathan comhairliúcháin a rinneadh leis na páirtithe leasmhara ábhartha uile, lena n-áirítear na Ballstáit agus an tionscal, idir ghníomhaithe seanbhunaithe agus iontrálaithe nua, chun Treochlár um Chlaochlú Thionscal Cosanta an Aontais agus tionscnaimh eile a bhaineann leis an gcosaint a ullmhú. Áiríodh sa phróiseas comhairliúcháin imeachtaí agus malartuithe, amhail Cruinnithe Comhchéime le gníomhaithe Nua Cosanta agus leis an tionscal cosanta, i mí an Mheithimh agus i mí na Samhna 2025 faoi seach, Idirphlé Straitéiseach leis an Tionscal i mí na Bealtaine 2025 agus comhairliúcháin le gnólachtaí nuathionscanta agus gnólachtaí atá i mbun fáis de chuid Luasaire Gnó EUDIS.

Cuireann Ionstraim um Nuálaíocht Shofhreagrach Mhear i Réimse na Cosanta freisin le haiseolas na bpáirtithe leasmhara a áirítear i dTuarascáil Eatramhach Mheastóireachta an Chiste Eorpaigh Cosanta, a foilsíodh i mí an Mheithimh 2025, ina scrúdaítear céad bhlianta de chur chun feidhme an Chiste. Leagadh béim ann ar roinnt príomh-shaincheisteanna, go háirithe an gá atá leis na hualaí riaracháin ar iarratasóirí a laghdú, go háirithe maidir le FBManna, agus an t-am chun deontas a thabhairt.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Bhí an Coimisiún ag brath ar an ionchur a fuarthas ó pháirtithe leasmhara mar fhreagairt ar an nGlao ar Fhianaise a foilsíodh an 17 Feabhra 2026.

Ina theannta sin, bhain an Coimisiún leas as ionchur a bailíodh le linn plé tiomnaithe le meithleacha machnaimh agus le saineolaithe, arb é is aidhm dó léargais a bhailiú agus smaointe a mhalartú chun tacú le hullmhú Threochlár um Chlaochlú Cosanta an Aontais. Leis an bplé sin, tugadh le chéile saineolaithe ó gach cearn den Aontas lena gcumhdaítear raon réimsí, lena n-áirítear cosaint, nuálaíocht, geopholaitíocht, agus teicneolaíochtaí suaiteacha.

- **Measúnú tionchair**

Ní dhearnadh measúnú tionchair le haghaidh an tionscnaimh seo.

Tá an tionscnamh an-spriocdhírithe agus comhréireach ó thaobh cineáil de. Tá sé ceaptha mar chlár píolótach atá le cur chun feidhme go heisiach laistigh den CAI atá ann faoi láthair. Is é an príomhchuspóir cineálacha cur chuige nuálacha a thástáil i bhfianaise na chéad tréimhse CAI eile. Bheadh sé díréireach measúnú tionchair iomlán a dhéanamh ar scéim phíolótach den sórt sin a mbeadh teorainn ama léi agus chruthódh sé moilleanna nach mbeadh ag luí lena bunchuspóir.

Ina theannta sin, tá an tionscnamh teoranta ó thaobh raon feidhme agus tionchair de. Tá buiséad teoranta EUR 115 mhilliún aige, a fhaightear go hiomlán ó ath-leithdháiltí inmheánacha laistigh de bhuiséad reatha an Aontais a leithdháiltear ar chláir a bhaineann leis an tionscal cosanta agus leis an spás. Ní chruthaíonn sé aon ualach airgeadais breise ar na Ballstáit ná ar bhuiséad an Aontais, agus tá a thionchar teoranta do sciar sonrach de pháirtithe leasmhara cosanta, go príomha FBManna nuálacha, lena n-áirítear gnólachtaí nuathionscanta nuálacha agus gnólachtaí nuálacha atá i mbun fáis.

Díríonn cuspóirí an Chláir ar riachtanais a shainaithnítear trí rannpháirtíocht agus anailís fhairsing na bpáirtithe leasmhara. Rinneadh an gá atá le sásraí tacaíochta níos tapúla, ualach riaracháin laghdaithe, agus lamháltas riosca níos mó a dhoiciméadú go comhsheasmhach i meastóireachtaí beartais agus i gcomhairliúcháin le páirtithe leasmhara, rud a chuireann bonn láidir fianaise ar fáil don chur chuige atá beartaithe.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Ní mheastar go méadóidh an Rialachán an t-ualach riaracháin.

- **Cearta bunúsacha**

Ní bhaineann le hábhar

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Tá buiséad EUR 115 mhilliún ag an tionscnamh, a mhaoinítear go hiomlán trí ath-leithdháiltí inmheánacha laistigh den CAI reatha. Gheofar na hacmhainní ó chláir atá ann cheana a bhaineann leis an tionscal cosanta agus leis an spás, go háirithe an Ciste Eorpach Cosanta, an Clár um an Tionscal Cosanta Eorpach agus Clár Spáis an Aontais. Is é is aidhm don imchlúdach buiséadach sin cothromaíocht a bhaint amach idir an tionchar ar na cláir atá ann cheana a íoslaghdú agus a áirithiú gur féidir na hacmhainní a ionsú go hiomlán laistigh den tréimhse bliana don chur chun feidhme chun nuálaíocht i réimse na cosanta a spreagadh. Tá sé calabraithe chun freastal ar riachtanais mhaoinithe bhreathnaithe FBManna, lena n-áirítear gnólachtaí nuathionscanta nuálacha agus gnólachtaí nuálacha atá i mbun fáis, táirgí agus teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn agus atá suaiteach a fhorbairt maidir le cosaint, rud a chuireann ar chumas an chláir tionchar inláimhsithe a bhaint amach agus tacú le fás na gcuideachtaí sin in earnáil na cosanta agus le glacadh réiteach cosanta nuálach ag na Ballstáit.

Ní bheidh tionchar diúltach ag na hath-leithdháiltí sin ar chuspóirí ná ar chur chun feidhme na gclár atá ann cheana, rud a áiritheoidh gur féidir leanúint de ghealltanais leanúnacha agus de ghníomhaíochtaí atá beartaithe faoi na cláir sin mar a bhí beartaithe. Ceapadh an t-ath-leithdháileadh chun éifeachtacht na gclár atá ann faoi láthair a choinneáil ar bun agus, ag an am céanna, chun an tionscnamh spriocdhírithe sin a chumasú chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais phráinneacha nuálaíochta cosanta. An tacaíocht a chuireann an tAontas ar fáil faoin gClár, rachaidh sí chun tairbhe, i bhformhór na gcásanna, do na heintitis chéanna a ndírítear cláir chosanta agus spáis eile orthu, ach ar bhealach níos spriocdhírithe agus níos tapúla. Tá sé sin ábhartha go háirithe do Chiste Eorpach Cosanta, a ndéanfar a chuspóirí a chomhlánú leis an tionscnamh seo. Thairis sin, i gcás Chlár um an Tionscal Cosanta Eorpach, tagann an t-ath-leithdháileadh buiséid ón gcuid den bhuiséad a leithdháileadh ar dtús chun tacú le gníomhaíochtaí, atá dírithe den chuid is mó ar FBManna, agus ar an gcaoi sin, tríd an gcistiú sin a threorú tríd an gClár um Nuálaíocht Shofhreagrach Mhear i Réimse na Cosanta, áiritheofar tacaíocht éifeachtach ón Aontas a mbeidh tionchar aici ar an ngrúpa céanna spriocthairbhithe. Ar deireadh, beidh éifeacht sheach-iarmharta dhearfach ag tacaíocht an chláir do réitigh chosanta atá ag teacht chun cinn agus atá suaiteach maidir le cosaint i réimse an spáis ar Chlár Spáis an Aontais agus ar an gClár um Nascacht Shlán, rud a rannchuideoidh ar deireadh le cuspóirí bheartas spáis an Aontais.

## 5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Déanfar dlúthfhaireachán ar chur chun feidhme an Chláir um Nuálaíocht Shofhreagrach Mhear i Réimse na Cosanta le linn 2027, agus béim á leagan ar a chumas nuálaíocht chosanta mhear ardtionchair a sholáthar. Leis an bhfaireachán, déanfar príomhghnéithe a rianú amhail luas na cinnteoireachta agus an t-am chun deontas a thabhairt, rannpháirtíocht gníomhaithe cosanta nua, lena n-áirítear FBManna, lena n-áirítear gnólachtaí nuathionscanta nuálacha agus gnólachtaí nuálacha atá i mbun fáis, rannpháirtíocht eintiteas tríú tíortha comhlachaithe, go háirithe eintitis na hÚcráine, agus an t-aistriú ón nuálaíocht go tástáil nó cur in úsáid.

Déanfaidh an Coimisiún meastóireacht spriocdhírithe ag deireadh na tréimhse cur chun feidhme chun measúnú a dhéanamh ar a éifeachtacht, a éifeachtúlacht agus a bhreisluach AE. D’fhéadfadh na torthaí agus na ceachtanna a foghlaimíodh a bheith mar bhonn eolais don smaointeoireacht maidir le cláir nuálaíochta cosanta an Aontais a bheidh ann amach anseo i gcomhthéacs na dtograí ón gCoimisiún maidir leis an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil ó 2028 ar aghaidh,

2026/0078 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an gClár um nuálaíocht shofhreagrach mhear i réimse na cosanta a bhunú**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 173(3) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[7],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Is dúshlán eiseach don Aontas é filleadh na cogaíochta ard-déine mar thoradh ar chogadh foghach gan chúis gan údar na Rúise i gcoinne na hÚcráine, rud a éilíonn méadú mór marthanach ar chumas na mBallstát a gcumais chosanta agus a n-ullmhacht cosanta a threisiú. Mar gheall ar an meath fadtéarmach ar an tslándáil réigiúnach agus dhomhanda, tá gá le claochlú domhain ar Bhonn Tionsclaíoch agus Teicneolaíoch na Cosanta Eorpaí (BTTCE) chun a áirithiú go mbeidh sé in ann táirgí cosanta nuálacha a theastaíonn ó fhórsaí armtha na mBallstát a sholáthar ó thaobh scála agus ama de, go háirithe le linn cogaidh.

(2) Gheall na Ballstáit, sa chruinniú de Chinn Stáit nó Rialtais an Aontais in Versailles an 11 Márta 2022, cumais chosanta na hEorpa a neartú agus a gcaiteachas cosanta a mhéadú, dlús a chur leis an gcomhar trí thionscadail chomhpháirteacha agus trí sholáthar comhoibríoch cumas cosanta, easnaimh a dhúnadh, borradh a chur faoin nuálaíocht agus an tionscal cosanta Eorpach a neartú agus a fhorbairt.

(3) Tá an nuálaíocht ríthábhachtach chun ullmhacht cosanta an Aontais a bhaint amach agus chun tacú léi, go háirithe i ré seo na mbagairtí atá ag dul i ndéine, na hiomaíochta sistéamaí agus na gcoimhlintí geopholaitiúla. Spreag iomadú na mbagairtí rás na n-arm idirnáisiúnta agus iomaíocht theicneolaíoch dhomhanda, agus tá ról cinntitheach ag teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn agus atá suaiteach i réimsí amhail IS, candam, róbataic, cibearspás agus spás, maidir le buntáiste straitéiseach a choinneáil ar bun agus díspreagadh inchreidte a áirithiú. Chun é sin a bhaint amach, tá gá le tástáil mhear, bailíochtú mear agus comhtháthú mear na dteicneolaíochtaí sin i gcumais chosanta, chomh maith le rannpháirtíocht leanúnach leis an éiceachóras teicneolaíochta agus nuálaíochta.

[7] IO C , , lch. . .

(4) Léiríonn an cogadh san Úcráin a thapa atá teicneolaíochtaí cosanta ag athrú. Tá timthriallta nuálaíochta ag éirí níos tapúla, rud a chiallaíonn nach mór táirgí cosanta a oiriúnú go tapa. Tá dinimicí an láthair chatha á n-athmhúnlú ag na hathruithe sin freisin. Tá ról lárnach ag FBManna, lena n-áirítear gnólachtaí nuathionscanta nuálacha agus gnólachtaí nuálacha atá i mbun fáis, a bhfuil cúlra sibhialtach tábhachtach acu go minic, maidir le tacú le fórsaí cosanta agus armtha na hÚcráine. Tugann na gníomhaithe cosanta nua sin nuálaíocht níos tapúla, níos mó solúbthachta, réitigh chostéifeachtúla, agus smaointe agus próisis oibríochtúla nua chun cinn. Mar thoradh air sin, tá siad ina gceann feadhna maidir le BTTCE a athrú ó bhonn. Sa Pháipéar Bán comhpháirteach maidir le Todhchaí Chosaint na hEorpa 2030, cuirtear i dtábhacht a thábhachtaí atá éiceachóras láidir nuálaíochta teicneolaíche. Tá sé sin ríthábhachtach chun a áirithiú gur féidir le tionscal cosanta na hEorpa coinneáil suas le cineál na cogaíochta nua-aimseartha atá ag athrú go tapa.

(5) Chun tacaíocht chuimsitheach a chur ar fáil do thaighde agus forbairt chomhoibríoch táirgí agus teicneolaíochtaí cosanta, tá an Ciste Eorpach Cosanta bunaithe ag an Aontas. Agus buiséad EUR 7,3 billiún aige faoi CAI 2021-2027, tá sé d'aidhm ag an gCiste Eorpach Cosanta iomaíochas, éifeachtúlacht agus cumas nuálaíochta BTTCE a chur chun cinn, chomh maith le hilroinnt laistigh de BTTCE a laghdú. Mar cheann de na cláir T&F cosanta is mó san Eoraip, tacaíonn an Ciste Eorpach Cosanta le forbairt chomhoibríoch na gcóras cosanta is casta nach bhféadfadh aon Bhallstát a fhorbairt ina aonar. Tacaíonn sé freisin le slabhraí soláthair Eorpacha nua i réimse na cosanta a fhorbairt. Mar chuid den Chiste Eorpach Cosanta, bunaíodh Scéim Nuálaíochta Cosanta an Aontais (EUDIS) in 2022, chun tacaíocht spriocdhírithe a chur ar fáil do ghníomhaithe cosanta neamhthraidisiúnta, go háirithe FBManna agus gnólachtaí nuathionscanta, agus chun bacainní ar iontráil sa mhargadh a laghdú. Tá roinnt tionscnamh i gceist le EUDIS, amhail glaonna spriocdhírithe T&F, luasghéarú gnó agus seirbhísí meaitseála, haiceatóin, agus maoiniú cothromais, arb é atá iontu thart ar 20 % de bhuiséad an Chiste Eorpaigh Cosanta a ghealltar gach bliain. Rannchuidigh na gníomhaíochtaí sin go mór le BTTCE a leathnú agus le hacmhainneacht nuálaíochta cosanta a chothú ar fud an Aontais. Ina theannta sin, soláthraíonn tionscnamh BraveTech EU de chuid an Chiste Eorpaigh Cosanta tuilleadh tacaíochta do nuálaithe cosanta, rud a thugann rochtain de réir a chéile dóibh ar chistiú in éineacht le tástáil teicneolaíochta agus timthriallta forbartha atriallacha. Díríonn sé ar réitigh a fhorbairt bunaithe ar riachtanais chosanta arna sainaithint ag an Úcráin, rud a thugann deis dhíreach do thionscal na hÚcráine comhoibriú le nuálaithe cosanta an Aontais.

(6) Le Rialacháin (AE) 2021/695[8] agus (AE) 2024/795[9], cuirtear ar a chumas do Luasaire na Comhairle Nuálaíochta Eorpaí (CNE) tacú le teicneolaíochtaí dé-úsáide agus

---

[8] Rialachán (AE) 2021/695 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 lena mbunaítear Fís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht, lena leagtar síos a rialacha maidir le rannpháirtíocht agus scaipeadh, agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1290/2013 agus (AE) Uimh. 1291/2013 (IO L 170, 12.5.2021, lgh. 1–68, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/695/oj).

[9] Rialachán (AE) 2024/795 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Feabhra 2024 lena mbunaítear an tArdán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip (STEP), agus lena leasaítear Treoir 2003/87/CE agus Rialacháin (AE) 2021/1058, (AE) 2021/1056, (AE) 2021/1057, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) 2021/1060, (AE)

infheistíocht i dteicneolaíochtaí cosanta a spreagadh faoin Ardán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip (STEP). Ina theannta sin, ceadaítear leis an Rialachán seo tacaíocht dhíreach CNE do theicneolaíochtaí cosanta i bhfoirm maoiniú cothromais dhírigh.

(7) Le Rialachán (AE) 2025/2653[10], tugadh isteach athruithe spriocdhírithe ar Rialachán (AE) 2021/697 freisin[11], go háirithe a mhéid a bhaineann leis na gníomhaíochtaí maidir le teicneolaíocht shuaiteach i réimse na cosanta. Go sonrach, tugann na hathruithe sin an deis na cineálacha critéar agus nósanna imeachta roghnúcháin agus dámhachtana is iomchuí a shainiú sa chlár oibre le haghaidh gach glao ar thograí tionscadail. Ina theannta sin, le Rialachán (AE) [tagairt don Omnibus um Ullmhacht Cosanta], tugadh isteach tuilleadh leasuithe ar Rialachán (AE) 2021/697, lena leathnaítear an fhéidearthacht sin chun na glaonna uile a sheoltar faoin gCiste Eorpach Cosanta a chumhdach, go háirithe na glaonna sin atá dírithe ar FBManna.

(8) Sa bhreis ar na hiarrachtaí substaintiúla sin, ba cheart clár nua a bhunú (an Clár um Nuálaíocht Shofhreagrach Mhear i Réimse na Cosanta, ‘an Clár’) chun tacaíocht mhear, shofhreagrach agus spriocdhírithe a sholáthar do FBManna, lena n-áirítear gnólachtaí nuathionscanta nuálacha agus gnólachtaí nuálacha atá i mbun fáis a mhéid a chomhlíonann siad ceanglais an tsainmhínithe ar FBM, chun réitigh chosanta nuálacha a fhorbairt. Ba cheart don chlár díriú ar thacaíocht a thabhairt d’fhorbairt táirgí agus teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn agus atá suaiteach maidir le cosaint suas go dtí ardleibhéal ullmhachta teicneolaíochta, lena n-áirítear teicneolaíochtaí sibhialta a oiriúnú le haghaidh feidhmeanna cosanta, aghaidh a thabhairt ar na riachtanais forbartha cumais is práinní atá ag na Ballstáit agus ag tríú tíortha comhlachaithe, agus béim ar leith á leagan ar réitigh chosanta ar chostas íseal.

(9) Chun cur chun feidhme éifeachtúil bhuiséad an Aontais a áirithiú, beidh Clár um Nuálaíocht Shofhreagrach Mhear i Réimse na Cosanta go hiomlán comhlántach le hionstraimí an Aontais atá ann cheana lena dtacaítear leis an nuálaíocht i réimse na cosanta. Tacaíonn EUDIS le gníomhaithe cosanta neamhthraidisiúnta laistigh de chreat an Chiste Eorpaigh Cosanta níos leithne, lena n-áirítear deontais T&F do chuibhreannais agus gníomhaíochtaí tacaíochta eile atá dírithe ar eintitis aonair (Luasaire Gnó, Lionrú). Cothaíonn an Mol Nuálaíochta um Chosaint, atá á bhainistiú ag an nGníomhaireacht Eorpach um Chosaint (GEC), comhar i measc na mBallstát maidir le nuálaíocht i réimse na cosanta. Is príomhchlár nuálaíochta de chuid an Aontais é CNE chun teicneolaíochtaí ceannródaíocha agus nuálaíocht shuaiteach a shainaithint, a fhorbairt agus a mhéadú. Tar éis ghlacadh Rialachán (AE) 2025/2653, cuirfidh Scéim Uas-Scálaithe STEP de chuid an CNE maoiniú cothromais dhírigh ar fáil chun cuidiú le cuideachtaí cosanta agus dé-úsáide a nuálaíochtaí a uas-scálú.

---

2021/523, (AE) 2021/695, (AE) 2021/697 agus (AE) 2021/241 (IO L, 2024/795, 29.2.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/795/oj).

[10] Rialachán (AE) 2025/2653 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Nollaig 2025 lena leasaítear Rialacháin (AE) 2021/694, (AE) 2021/695, (AE) 2021/697, (AE) 2021/1153, agus (AE) 2024/795, a mhéid a bhaineann le hinfheistíocht maidir le cosaint a dhreasú i mbuiséad an Aontais chun an Plean ReArm Europe a chur chun feidhme (IO L, 2025/2653, 22.12.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2025/2653/oj).

[11] Rialachán (AE) 2021/697 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2021 lena mbunaítear an Ciste Eorpach Cosanta agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2018/1092 (IO L 170, 12.5.2021, lgh. 149–177, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/697/oj).

Líonann an Clár um Nuálaíocht Shofhreagrach Mhear i Réimse na Cosanta bearna ar leith, toisc go dtabharfaidh sé tacaíocht chuíchóirithe dhíreach do FBManna aonair, lena n-áirítear gnólachtaí nuathionscanta nuálacha agus gnólachtaí nuálacha atá i mbun fáis, chun réitigh nuálacha a fhorbairt agus chun go nglacfaidh na Ballstáit agus an tionscal leis, le hamlínte dámhachtana an-ghearr agus nasc soiléir le riachtanais chumais na mBallstát. Dá bhrí sin, ba cheart go gcuirfeadh sé ar a chumas don Aontas cineálacha cur chuige nua a phíolótú chun tacú leis an nuálaíocht i réimse na cosanta, agus ionstraimí an Aontais atá ann cheana á gcomhlánú ar fud leibhéil aibíochta éagsúla, méideanna cuibhreannais, tráthchláir agus réimsí teicneolaíochta éagsúla. Mar gheall ar éabhlóid thapa na mbagairtí cosanta, tá gá le haistriú i dtreo cur chuige níos solúbtha chun é a chur ar a gcumas do chuideachtaí nuálacha (go háirithe FBManna, lena n-áirítear gnólachtaí nuathionscanta nuálacha agus gnólachtaí nuálacha atá i mbun fáis) freagairt go tapa do dhúshláin chumais shainaitheanta. Dá bhrí sin, ba cheart don Chlár tosaíocht a thabhairt do ghníomhaíochtaí nuálaíochta atá bunaithe ar dhúshláin le timthriallta meara atriallta, atá nasctha go díreach le ceanglais oibríochtúla tosaíochta na mBallstát.

(10) Go sonrach, ba cheart don Chlár féachaint le dlús nach beag a chur le timthriallta nuálaíochta táirgí cosanta agus teicneolaíochtaí cosanta a bhfuil ardacmhainneacht acu a bheith suaiteach, a meastar a bheidh insaothraithe go hiomlán laistigh de na chéad 1 go 3 bliana eile. Ba cheart dó an tsolúbthacht is mó is féidir a thabhairt do nuálaithe chun réitigh nua a mholadh, lena n-áirítear réitigh ó eintitis dhlítheanacha aonair, agus an tráth céanna ligean do chúraimí sonracha a ligean ar fochonradh nó comhoibriú le heintitis eile le linn cur chun feidhme.

(11) Mar sin féin, is é an dúshlán struchtúrach leanúnach atá roimh FBManna cosanta na hEorpa, lena n-áirítear gnólachtaí nuathionscanta nuálacha agus gnólachtaí nuálacha atá i mbun fáis, an bhearna idir nuálaíocht rathúil agus imscaradh oibríochtúil ag fórsaí armtha na mBallstát agus tríú tíortha comhlachaithe. Chun aghaidh a thabhairt ar an mbearna sin, ba cheart an Clár a bheith ag teacht le fíor-riachtanais tosaíochta na mBallstát agus na dtríú tíortha comhlachaithe maidir le cosaint. Tríd an méid sin a dhéanamh, ba cheart dó tacú le glacadh réiteach nuálaíochta ag a bhfórsaí armtha agus ag a dtionscal cosanta, go háirithe príomhchonraitheoirí agus fochonraitheoirí den chéad sraith. Leis an gClár, ba cheart próiseas mear a bhunú chun é a chur ar a chumas don Aontas tacú le tástáil agus cur in úsáid sásraí tacaíochta nuálacha lena dtugtar aghaidh ar na ceanglais ullmhachta cosanta is práinní, lena n-áirítear an ceanglas tacú le Tionscnaimh Shuaitheanta Ullmhachta na hEorpa.

(12) Chuige sin, ba cheart don Chlár tacú le gníomhaíochtaí a bhaineann le tástáil allamuigh, turgnamhaíocht agus taispeántais. Leis na gníomhaíochtaí sin, ba cheart eintitis a bheith in ann réitigh nuálacha a bhailíochtú i ndálaí oibríochtúla réalaíocha, rud a ghinfidh aiseolas fíor-ama is féidir a úsáid chun na réitigh a bheachtú agus feabhas a chur orthu trí phróiseas atriallach. Tá rannpháirtíocht ghníomhach na mBallstát ríthábhachtach ag gach céim den phróiseas sin, ó cheanglais tástála a bhunú go measúnú a dhéanamh ar chumais léirithe. Cuideoidh sé sin le comharthaí éilimh inchreidte a chruthú agus le cinntí soláthair ina dhiaidh sin a éascú. Ina theannta sin, is féidir leis an gClár tacú le glacadh teicneolaíochtaí agus táirgí nua tríd an éileamh a chomhiomlánú, agus trí shásraí nuálacha soláthair a úsáid, amhail comhpháirtíochtaí nuálaíochta. Is féidir ardáin agus seirbhísí comhroinnte a fhorbairt freisin chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais oibríochtúla choiteanna úsáideoirí deiridh iomadúla.

(13) Tá cumais spásbhunaithe ina gcumasóirí fíor-riachtanacha d’oibríochtaí cosanta agus slándála nua-aimseartha, lena soláthraítear feidhmeanna criticiúla lena n-áirítear

faisnéis, faireachas agus taiscéalaíocht, cumarsáid shlán, suí, loingseoireacht agus uainiú, agus luathrabhadh. Thairis sin, mar gheall ar spleáchas méadaitheach na bhfórsaí armtha ar shócmhainní spásbhunaithe, mar aon le leochaileacht mhéadaitheach an bhonneagair spáis i leith bagairtí, is tosaíocht straitéiseach í athléimneacht agus freagrúlacht earnáil spáis na hEorpa. Sainaithnítear an spás sa Pháipéar Bán maidir le Todhchaí Chosaint na hEorpa 2030 mar phríomhchumasóir straitéiseach laistigh de na réimsí tosaíochta cumais arna mbunú ag an Aontas agus ag a Bhallstáit, agus moltar sa Treochlár maidir le hUllmhacht Cosanta Sciath Eorpach Spáis mar thionscnamh suaitheanta féideartha. Mar gheall ar chineál dé-úsáide na dteicneolaíochtaí agus na seirbhísí spáis, tá impleachtaí díreacha láithreacha ag an nuálaíocht in earnáil an spáis ar chumais chosanta, agus is féidir leis an éileamh atá dírithe ar an gcosaint dlús a chur le forbairt agus tráchtálú theicneolaíochtaí spáis na hEorpa. Dá bhrí sin, ba cheart, trí bhíthin an Chláir, tacú le cumais chosanta nuálacha spásbhunaithe agus spáschumasaithe a fhorbairt, trí iontrálaithe nua agus gníomhaithe neamhthraidisiúnta a áireamh, chun uathriail straitéiseach an Aontais sa spás a fheabhsú agus BTTCE a neartú. Áirítear leis sin rannchuidiú le Seirbhís Rialtais um Fhaire na Cruinne (SRFC) a fhorbairt amach anseo ag a mbeidh cumais uathrialaitheacha, athléimneacha agus um fhaire na cruinne de ghrád cosanta. Ba cheart don Chlár tacú freisin le gníomhaíochtaí i réimse an spáis chun dlús a chur le glacadh cumas cosanta spásbhunaithe ag na Ballstáit, agus ag an Aontas, i gcomhréir leis an gClár Spáis, leis an gClár um Nascacht Shlán nó a mhéid a bhaineann le gníomhaíochtaí Lárionad Satailítí an Aontais Eorpaigh (SatCen), agus comhsheasmhacht le tionscnaimh ábhartha an Aontais a bhaineann leis an spás á háirithiú ag an am céanna.

(14) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an Rialachán seo a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún chun cláir oibre a ghlacadh. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011[12]. Chun a áirithiú go nglacfar na cláir oibre sin go pras agus, ar deireadh, go gcuirfear an Clár chun feidhme ar mhaithe le héiceachóras FBManna cosanta na hEorpa, ba cheart don Choimisiún a bheith in ann úsáid a bhaint as an nós imeachta comhairleach a leagtar amach in Airteagal 4 den Rialachán thuasluaite.

(15) Leis an gclár oibre, ba cheart dúshláin a shuíomh, a shainítear mar ghlaonna ar thograí lena dtugtar aghaidh ar riachtanais shonracha cosanta arna sainaithint i gcomhar leis na Ballstáit, bunaithe ar phróiseas struchtúrtha a bhfuil baint ag na Ballstáit leis ionas go bhfreagróidh tionscadail dá dtugtar tacaíocht d'fhíor-riachtanais tosaíochta na mBallstát maidir le cosaint. Chun na críche sin, féadfaidh an clár oibre leas a bhaint freisin as ionchur ó mhórthionscail agus ó GEC d'fhonn aghaidh a thabhairt ar riachtanais cumais shonracha atá dírithe ar mhisin. I ngach cás, ba cheart tosaíocht a thabhairt do na dúshláin a mheallann an tacaíocht is leithne is féidir ó na Ballstáit, lena léirítear fíoréileamh coiteann agus ailíniú straitéiseach, agus lena rannchuidítear le hullmhacht cosanta an Aontais ina iomláine. Chun raon iomlán na nuálaíochta a chumhdach, ba cheart glaonna lena dtugtar aghaidh ar chuspóirí nuálaíochta cosanta níos leithne a áireamh sa Chlár freisin. Agus tionscadail á roghnú faoi ghlaonna agus dúshláin den sórt sin, ba cheart don Choimisiún a áirithiú go rannchuidíonn an Clár le

12 Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún

hacmhainneacht thionsclaíoch i dtaca leis an gcosaint a neartú ar fud an Aontais ina iomláine agus le haghaidh a thabhairt ar bhagairtí práinneacha marthanacha.

(16) Is é is aidhm don Chlár tacú le hiarrachtaí nuálaíochta ghníomhaithe cosanta neamhthraidisiúnta, agus FBManna go príomha, lena n-áirítear gnólachtaí nuathionscanta nuálacha agus gnólachtaí nuálacha atá i mbun fáis. Trí thacaíocht spriocdhírithe a chur ar fáil, féachann an Clár le dlús a chur le haibiú agus le mionchoigeartú a dteicneolaíochtaí agus a dtáirgí suaiteacha, agus iad a thabhairt níos gaire don mhargadh, rud a fheabhsóidh a n-iomaíochas agus a bhfás ar deireadh.

(17) Ós rud é gurb é is aidhm don chlár um nuálaíocht shofhreagrach mhear i réimse na cosanta tacú le hacmhainn nuálaíochta thionscal cosanta an Aontais, níor cheart ach eintitis dhlíthiúla atá bunaithe san Aontas nó i dtríú tíortha comhlachaithe agus nach bhfuil faoi réir rialú ag tríú tíortha neamhchomhlachaithe nó ag eintitis de chuid tríú tíortha neamhchomhlachaithe a bheith incháilithe do thacaíocht. Ina theannta sin, chun leasanna slándála agus cosanta fíor-riachtanacha an Aontais agus na mBallstát a chosaint, ba cheart bonneagar, saoráidí, sócmhainní agus acmhainní na bhfaighteoirí agus na bhfochonraitheoirí a bhfuil baint acu le gníomhaíocht a fhaigheann tacaíocht faoin gClár a bheith lonnaithe ar chríoch Ballstáit nó tríú tír chomhlachaithe ar feadh thréimhse iomlán na gníomhaíochta, agus ba cheart do na faighteoirí a struchtúir bainistíochta feidhmiúcháin a bheith acu san Aontas nó i dtríú tír chomhlachaithe. Chun na leasanna bunúsacha slándála agus cosanta sin a chosaint, ba cheart feidhm a bheith ag na critéir incháilitheachta sin freisin maidir le cistiú a sholáthraítear trí sholáthar.

(18) Léiríodh sa mheastóireacht eatramhach ar an gCiste Eorpach Cosanta (CEC) go bhfuil an t-ualach riaracháin agus an t-am is gá chun ráthaíochtaí a thabhairt i gcás ina bhfuil faighteoir atá bunaithe san Aontas faoi rialú tríú tír nó eintiteas neamhchomhlachaithe ar neamhréir leis an luas agus leis an tsolúbthacht is gá chun an clár a chur chun feidhme go héifeachtach. Chun aghaidh a thabhairt ar an dúshlán sin agus chun cur chun feidhme tapa an Chláir a éascú, níor cheart maoluithe ar an bprionsabal nár cheart faighteoirí a bheith á rialú ag eintitis atá bunaithe lasmuigh den Aontas nó de thíortha comhlachaithe a cheadú. Léiríonn cleachtas ó chláir an tionscail cosanta roimhe seo freisin go mbíonn castacht bhreise nós imeachta agus tréimhsí meastóireachta níos faide mar thoradh ar ráthaíochtaí a sholáthar, agus nach dócha go ndéanfaidh deireadh a chur leis an eisceacht sin difear mór don líon eintiteas incháilithe.

(19) Chun a áirithiú gur féidir le fórsaí armtha na mBallstát tairbhe a bhaint as teicneolaíochtaí úrscothacha agus nuálaíocht úrscothach, ba cheart don Chlár a bheith in ann dreasachtaí a sholáthar chun FBManna a mhealladh, lena n-áirítear gnólachtaí nuathionscanta nuálacha agus gnólachtaí nuálacha atá i mbun fáis, atá bunaithe lasmuigh den Aontas nó de thríú tíortha comhlachaithe ach a d'fhéadfadh rannchuidiú go mór le cuspóirí an Chláir a bhaint amach.Chuige sin, ba cheart go mbeadh an clár oibre in ann nósanna imeachta dámhachtana áirithe a shainaithint faoina bhféadfaidh FBManna den sórt sin a bheith rannpháirteach sa Chlár um Nuálaíocht Shofhreagrach Mhear i Réimse na Cosanta fiú mura gcomhlíonann siad go fóill na ceanglais incháilitheachta a bhaineann lena mbunú nó le bunú a struchtúir bainistíochta feidhmiúcháin san Aontas nó i dtríú tír chomhlachaithe (idirghabháil aslaigh). Faoin gcur chuige sin, dheonófaí tarscaoileadh sealadach agus coinníollach ar na ceanglais incháilitheachta sin d'fhaighteoirí, tarscaoileadh a bheadh orthu a chomhlíonadh laistigh den amlíne a shonraítear sa ghealltanas dlíthiúil chun tacaíocht a fháil ón Aontas. Ba cheart leasanna airgeadais an Aontais a chosaint go cuí, agus níor cheart

íocaíochtaí a dhéanamh go dtí go mbeidh na ceanglais incháilitheachta comhlíonta faoi dheireadh na tréimhse tarscaoilte.

(20) Chun gur féidir leis an idirghabháil aslaigh an cuspóir atá beartaithe di a bhaint amach, ba cheart a bheith in ann maolú ar an gceanglas incháilitheachta go mbeadh faighteoirí bunaithe san Aontas nó i dtríú tír chomhlachaithe agus go mbeadh a struchtúr bainistíochta feidhmiúcháin san Aontas nó i dtríú tír chomhlachaithe chun tacaíocht ón Aontas a fháil, ar choinníoll go bhfuil sé d'aidhm shonrach ag an tacaíocht sin comhlíonadh na gceanglas incháilitheachta sin a éascú, lena n-áirítear comhlíonadh na gceanglas incháilitheachta sin a éascú trí na costais a bhaineann le hathlonnú na cuideachta nó le bunú a struchtúir bainistíochta feidhmiúcháin laistigh den Aontas nó de thríú tír chomhlachaithe a chumhdach.

(21) Ós rud é gur gá na gníomhaíochtaí a fhaigheann tacaíocht faoin gClár um Nuálaíocht Shofhreagrach Mhear i Réimse na Cosanta a chur chun feidhme laistigh de thréimhse ghearr ama, agus an t-ualach riaracháin ar iarratasóirí á íoslaghdú an tráth céanna, ba cheart maoiniú nach bhfuil nasctha le costas, nó roghanna costais simplithe, lena n-áirítear cnapshuimeanna aonair, a úsáid i gcás ina soláthraítear tacaíocht ón Aontas i bhfoirm deontais. Níor cheart tacaíocht ón Aontas a chur ar fáil ach amháin i bhfoirm aisíocaíocht costas incháilithe iarbhír i gcás nach féidir cuspóirí gníomhaíochta sonraí a bhaint amach ar aon bhealach eile.

(22) Ní leanann feidhmiú earnáil an tionscail cosanta na gnáthrialacha ná na gnáthmhúnlaí gnó lena rialaítear margaí níos traidisiúnta. Tagann an t-éileamh go heisiach ó rialtais náisiúnta arb iad na rialtais sin freisin a rialaíonn fáil iomlán na dtáirgí agus na dteicneolaíochtaí a bhaineann leis an gcosaint, lena n-áirítear onnmhairí. Dá bhrí sin, ní ghabhann an tionscal cosanta, go háirithe nuálaithe cosanta beaga agus neamhthraidisiúnta, do thionscadail nuálaíochta shuntasacha fhéinchistithe, agus is minic a chistíonn na Ballstáit agus tríú tíortha comhlachaithe na costais ghaolmhara uile ina n-iomláine. Thairis sin, tá bacainní leanúnacha roimh na gníomhaithe sin maidir le rochtain a fháil ar mhaoiniú, lena n-áirítear cómhaoiniú, go háirithe maoiniú príobháideach le haghaidh infheistíochtaí, mar gheall ar na rioscaí a thuigeann gníomhaithe margaidh a bheith ag baint le hinfheistíochtaí den sórt sin. Dá bharr sin, tá sé ríthábhachtach infheistíocht phoiblí a ghiaráil le haghaidh earnáil cosanta an Aontais i bhfianaise an mhórghá atá le borradh a chur faoin infheistíocht i nuálaíocht i réimse na cosanta. Ós rud é nach ndéanfaí na bearta sin murach sin, is cosúil go bhfuil údar maith ann go bhféadfadh tacaíocht airgeadais ón Aontas suas le 100 % de na costais incháilithe a chumhdach le haghaidh gníomhaíochtaí atá incháilithe faoin gClár um Nuálaíocht Shofhreagrach Mhear i Réimse na Cosanta.

(23) Chun an próiseas tíolactha agus meastóireachta a shimpliú agus a luathú a thuilleadh, ba cheart an tacaíocht ón Aontas a sholáthar trí nós imeachta meastóireachta tiomnaithe, lena mbaineann seiceálacha áirithe tar éis an cinneadh dámhachtana a dhéanamh. Ba cheart cuireadh a thabhairt d'iarratasóirí tograí a chur isteach mar aon le hachoimre ghearr. Ba cheart meastóireacht a dhéanamh ar an achoimre sin sula ndéanfar meastóireacht iomlán ar na tograí de réir na gcritéar dámhachtana ábhartha a leagtar amach sa chlár oibre. Tá sé i gceist leis an gcur chuige sin an t-ualach riaracháin ar iarratasóirí a laghdú agus deimhneacht airgeadais a sholáthar a luaithe is féidir, agus glacadh le leibhéal réasúnta riosca airgeadais nó dlíthiúil don Aontas, i gcomhréir leis na cuspóirí atá á saothrú. Ba cheart leas airgeadais an Aontais a chosaint go cuí, agus níor cheart aon mhaoiniú a sholáthar go dtí go mbeidh an mheastóireacht iomlán curtha i gcrích.

(24) Chun na críche céanna, ba cheart a bheith in ann maolú ar oibleagáidí áirithe faoi Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 maidir le hábhar na n-iarratas ar dheontais, na critéir roghnúcháin, agus an nós imeachta meastóireachta. D'fhágfadh sé sin go bhféadfaí an cinneadh dámhachtana a ghlacadh agus an comhaontú deontais a shíniú ar bhonn réamh-mheasúnú ar chritéir incháilitheachta agus roghnúcháin, ag brath go háirithe ar dhearbhuithe onóra na n-iarratasóirí, lena n-áirítear dearbhuithe maidir le ceanglais rialaithe. Ba cheart don Choimisiún cinntí dámhachtana a ghlacadh gan mhoill agus an mheastóireacht deiridh ar na critéir ábhartha a chur i gcrích laistigh de 4 mhí ón spriocdháta le haghaidh iarratas. Ba cheart leasanna airgeadais an Aontais a chosaint go cuí, agus níor cheart íocaíochtaí a sholáthar go dtí go mbeidh an mheastóireacht deiridh curtha i gcrích.

(25) Mar mhalairt ar an nós imeachta meastóireachta brostaithe sin, agus chun go dtacóidh an tAontas le réiteach nuálaíochta gan cúngú ná teorannú saorga tosaigh atá nasctha leis an bhfoirm shonrach arna glacadh ag tacaíocht an Aontais, ba cheart don Chlár um Nuálaíocht Shofhreagrach Mhear i Réimse na Cosanta cur chuige níos solúbtha agus níos inrochtana a cheadú maidir le tionscadail agus smaointe nuálacha a shainaithint, a roghnú agus tacú leo, lena n-áirítear é sin a dhéanamh trí nósanna imeachta dámhachtana atá neodrach ó thaobh ionstraime de. Faoi chur chuige den sórt sin, ba cheart smaointe a mheasúnú agus a roghnú bunaithe ar a bhfiúntas ó thaobh rannchuidiú le cuspóirí an Chláir um Nuálaíocht Shofhreagrach Mhear i Réimse na Cosanta. Níor cheart an ionstraim cur chun feidhme buiséid is iomchuí agus is éifeachtaí faoin gClár, bíodh deontas, soláthar nó cineál eile tacaíochta i gceist, a chinneadh ach amháin tar éis an roghnúcháin, bunaithe ar shaintréithe, riachtanais agus tuillteanais shonracha an tionscadail aonair.

(26) Chun leanúint de bheith tarraingteach do raon níos leithne iarratasóirí féideartha agus chun aghaidh a thabhairt ar bhearna atá ann cheana sa timthriall nuálaíochta cosanta, is gá agus is comhréireach ligean do chostais arna dtabhú sula gcuirtear an t-iarratas ar dheontas isteach a bheith incháilithe do chistiú, dá bhforáiltear in Airteagal 196(2) de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509. Díríonn an Clár um Nuálaíocht Shofhreagrach Mhear i Réimse na Cosanta ar ghníomhaíochtaí forbartha ag céim dhéanach lena ndúntar an bhearna chriticiúil idir tráchtálú agus soláthar, rud a thugann táirgí agus teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn agus atá suaiteach maidir le cosaint níos gaire d'ullmhacht don mhargadh agus d'imscaradh oibríochtúil. Is minic a dhéanann cuideachtaí nuálacha, go háirithe FBManna, obair forbartha a thionscnamh agus a fhéinchistiú sula gcuirtear deiseanna cistiúcháin foirmiúla ar fáil. Fágfaidh sé sin go mbeidh an Clár in ann tacú le gníomhaíochtaí criticiúla nuálaíochta a thosaigh suas le 3 mhí roimh dhúnadh an ghlao ar thograí chun tacaíocht ón Aontas a fháil agus dlús a chur lena gcur i gcrích, rud a áiritheoidh go mbainfear torthaí amach go tráthúil lena dtabharfar aghaidh ar na dúshláin is práinní atá roimh fhórsaí armtha na mBallstát agus na dtríú tíortha comhlachaithe.

(27) Le Treoir 2009/81/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[13], déantar foráil maidir le heisiamh sonrach ó na hoibleagáidí dá bhforáiltear inti le haghaidh conarthaí

[13] Treoir 2009/81/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 maidir le comhordú na nósanna imeachta um dhámhachtain i dtaca le conarthaí áirithe oibreacha, soláthair agus seirbhíse a dhéanann údaráis chonarthacha nó eintitis chonarthacha i réimse na cosanta agus na slándála, agus lena leasaítear Treoracha 2004/17/CE agus 2004/18/CE

arna ndámhachtain faoi chláir chomhoibritheacha áirithe bunaithe ar thaighde agus forbairt. Tar éis ghlacadh Threoir XXX [Treoir Omnibus 2025/0177 (COD)], cuirtear in iúl go soiléir sa treoir maidir le soláthar cosanta agus slándála gur clár comhoibritheach é an tionscadal taighde agus forbartha arna bhainistiú ag institiúidí nó comhlachtaí an Aontais agus arna chur chun feidhme i gcomhréir le rialacha an Aontais agus arna chistiú ó bhuiséad an Aontais, agus gur clár comhoibritheach é arna sheoladh go comhpháirteach ag dhá Bhallstát ar a laghad agus gur féidir leanúint leis le haghaidh na gcéimeanna tar éis na céime taighde agus forbartha. Sa chás sin, féadfar conarthaí arna ndámhachtain faoin gclár leantach a eisiamh freisin. Tá feidhm ag an díolúine sin, go háirithe, maidir le conarthaí arna ndámhachtain faoi chuimsiú tionscadail a fhaigheann tacaíocht ó Chlár um Nuálaíocht Shofhreagrach Mhear i Réimse na Cosanta.

(28) Chun slándáil faisnéise rúnaicmithe a áirithiú ar an leibhéal is gá, tá sé fíor-riachtanach na híoschaighdeáin maidir le slándáil thionsclaíoch a chomhlíonadh agus comhaontuithe rúnaicmithe cistiúcháin agus maoiniúcháin á síniú. Chuige sin, agus i gcomhréir leis na dlíthe náisiúnta is infheidhme, ba cheart do na Ballstáit agus do na tríú tíortha comhlachaithe a bhfuil na faighteoirí bunaithe ar a gcríoch creat slándála a bhunú - lena gcuimsítear Treoracha Slándála Tionscadail agus Treoir ghaolmhar Rúnaicmithe maidir le Slándáil – i gcásanna ina mbeadh faisnéis i gceist le cur chun feidhme an Chláir um Nuálaíocht Shofhreagrach Mhear i Réimse na Cosanta, nó ina nginfeadh sé faisnéis, lena n-éilítear leibhéal aicmithe.

(29) Ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo gan dochar do rialacha iomaíochta an Aontais, go háirithe Airteagail 101 go 109 CFAE agus do na gníomhartha dlí a thugann éifeacht do na hAirteagail sin.

(30) I bhfianaise a phráinní atá sé tacú le hinfheistíochtaí ríthábhachtacha i gcumais chosanta agus go háirithe sa nuálaíocht chosanta i gcomhthéacs dúshláin phráinneacha gheopholaitiúla, is iomchuí foráil a dhéanamh maidir le heisceacht ar an tréimhse 8 seachtaine dá dtagraítear in Airteagal 4 de Phrótacal Uimh. 1 maidir le ról na bparlaimintí náisiúnta san Aontas Eorpach, atá i gceangal le CAE, leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach. Ar an mbonn céanna, ba cheart an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

(31) Is iomchuí imchlúdach airgeadais táscach a leagan síos don Chlár um Nuálaíocht Shofhreagrach Mhear i Réimse na Cosanta.

(32) Tá feidhm ag Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509[14] maidir leis an gClár. Leagtar síos leis an Rialachán na rialacha maidir le bunú agus cur chun feidhme bhuiséad ginearálta an Aontais, lena n-áirítear na rialacha maidir le deontais, duaiseanna, tabhartais neamhairgeadais, soláthar, bainistíocht indíreach, cúnamh airgeadais, ionstraimí airgeadais agus ráthaíochtaí buiséadacha.

(33) I gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509, Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[15], Rialachán (CE,

---

14 Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj).

15 Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Meán Fómhair 2013 maidir le himscrúduithe arna ndéanamh ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1073/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

Euratom) Uimh. 2988/95 ón gComhairle[16], Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 ón gComhairle[17] agus Rialachán (AE) 2017/1939 ón gComhairle[18], tá leasanna airgeadais an Aontais le cosaint trí bhearta comhréireacha, lena n-áirítear neamhrialtachtaí agus calaois a chosc, a bhrath, a cheartú agus a fhiosrú, cistí a cailleadh, a íocadh go mícheart nó a úsáideadh go mícheart a aisghabháil agus, i gcás inarb iomchuí, pionóis riaracháin a fhorchur.

(34) Go sonrach, i gcomhréir le Rialacháin (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 agus (Euratom, CE) Uimh. 2185/96, féadfaidh an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) imscrúduithe a dhéanamh, lena n-áirítear seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair, d'fhonn a fháil amach ar tharla calaois, éilliú nó aon ghníomhaíocht neamhdhleathach eile a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais. I gcomhréir le Rialachán (AE) 2017/1939, féadfaidh Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE) calaois agus gníomhaíochtaí neamhdhleathacha eile a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais a fhiosrú agus a ionchúiseamh amhail dá bhforáiltear i dTreoir (AE) 2017/1371[19].

(35) I gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509, ní mór d'aon duine nó d'aon eintiteas a fhaigheann cistí ón Aontas comhoibriú go hiomlán i gcosaint leasanna airgeadais an Aontais agus na cearta agus an rochtain is gá a thabhairt don Choimisiún, do OLAF, do OIPE agus do Chúirt Iniúchóirí na hEorpa, agus ní mór dó a áirithiú go ndeonóidh aon tríú páirtí a bheidh páirteach i gcur chun feidhme cistí ón Aontas cearta coibhéiseacha.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Ábhar**

Bunaítear leis an Rialachán seo an Clár um nuálaíocht shofhreagrach mhear i réimse na cosanta (An Clár um Nuálaíocht Shofhreagrach Mhear i Réimse na Cosanta) le haghaidh na tréimhse ón 1 Eanáir 2027 go dtí an 31 Nollaig 2027, agus leagtar síos ann a chuspóirí agus a bhuiséad, na foirmeacha cistiúcháin faoin gClár agus na rialacha maidir leis an gcistiú sin a sholáthar.

---

agus Rialachán (Euratom) Uimh. 1074/1999 ón gComhairle (IO L 248, 18.9.2013, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/883/oj)

16 Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 2988/95 ón gComhairle an 18 Nollaig 1995 maidir le leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach a chosaint (IO L 312, 23.12.95, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/1995/2988/oj).

17 Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 ón gComhairle an 11 Samhain 1996 maidir le seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair arna ndéanamh ag an gCoimisiún chun leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach a chosaint ar an gcalaois agus neamhrialtachtaí eile (IO L 292,15.11.96, lch. 2, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/1996/2185/oj)

18 Rialachán (AE) 2017/1939 ón gComhairle an 12 Deireadh Fómhair 2017 lena gcuirtear chun feidhme comhar feabhsaithe maidir le bunú Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh ('OIPE') (IO L 283, 31.10.2017, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2017/1939/oj).

19 Treoir (AE) 2017/1371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Iúil 2017 maidir leis an gcomhrac in aghaidh na calaoise ar leasanna airgeadais an Aontais trí bhíthin an dlí choiriúil (IO L 198, 28.7.2017, lch. 29, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2017/1371/oj).

*Airteagal 2*

**Sainmhínithe**

Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) Ciallaíonn 'eintiteas dlítheanach' duine dlítheanach a chruthaítear agus a aithnítear mar sin faoi dhlí an Aontais, faoin dlí náisiúnta nó faoin dlí idirnáisiúnta, lena n-áirítear Struchtúir do Chláir Armála na hEorpa, arna bhunú i gcomhréir le Rialachán (AE) 2025/2643, a bhfuil pearsantacht dhlítheanach aige agus a bhfuil sé d'acmhainn aige gníomhú ina ainm féin, cearta a fheidhmiú agus a bheith faoi réir oibleagáidí, nó eintiteas nach bhfuil pearsantacht dhlítheanach aige dá dtagraítear in Airteagal 200(2), pointe (c), de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509;

(2) ciallaíonn 'rialú' an cumas tionchar cinntitheach a fheidhmiú ar eintiteas dlítheanach, go díreach nó go hindíreach, trí eintiteas dlítheanach idirmheánach amháin nó níos mó;

(3) ciallaíonn 'táirge cosanta' earraí, seirbhísí agus oibreacha a thagann faoi raon feidhme Airteagal 2 de Threoir 2009/81/CE;

(4) ciallaíonn 'táirge nó teicneolaíocht atá ag teacht chun cinn agus atá suaiteach maidir le cosaint' táirge cosanta nó teicneolaíocht chosanta lena spreagtar bunathrú, lena n-áirítear athrú ó bhonn i gcoincheap agus i stiúradh cúrsaí cosanta, lena n-áirítear athrú ó bhonn trí theacht in ionad na dteicneolaíochtaí cosanta atá ann faoi láthair nó trí na teicneolaíochtaí sin a chur i léig, agus a mheastar a bheith insaothraithe go hiomlán ag deireadh na gníomhaíochta;

(5) ciallaíonn 'fiontair bheaga agus fiontair mheánmhéide' nó 'FBManna' fiontair bheaga nó fiontair mheánmhéide mar a shainmhínítear in Airteagal 2 den Iarscríbhinn a ghabhann le Moladh 2003/361/CE ón gCoimisiún.

(6) ciallaíonn 'faisnéis chúlra' aon fhaisnéis is gá chun an Clár a chur chun feidhme, nó atá úsáideach chun é a chur chun feidhme, ar faisnéis í a gineadh roimh chreat na Gníomhaíochta nó lasmuigh de agus a soláthraíodh agus a úsáideadh chun críocha na Gníomhaíochta.

(7) ciallaíonn 'faisnéis tulra' sonraí, fios gnó nó faisnéis a ghintear trí oibríocht an Chláir, cibé foirm nó nádúr a bhíonn aige.

*Airteagal 3*

**Cuspóirí**

1. Is é cuspóir ginearálta an Chláir tacú le hacmhainneacht nuálaíochta mhear FBManna, lena n-áirítear gnólachtaí nuathionscanta nuálacha agus gnólachtaí nuálacha atá i mbun fáis, d'fhonn tacú le seachadadh mear táirgí agus teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn agus atá suaiteach maidir le cosaint, aghaidh a thabhairt ar na dúshláin is déanaí agus is mó atá ag athrú agus atá os comhair fhórsaí armtha na mBallstát, go háirithe iad siúd a eascraíonn as cogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, agus béim á leagan ar chostéifeachtúlacht. Ar an gcaoi sin, cothóidh an Clár iomaíochas Bhonn Tionsclaíoch agus Teicneolaíoch na Cosanta Eorpaí (BTTCE) agus rannchuideoidh sé le hullmhacht cosanta an Aontais a neartú, agus spleáchais straitéiseacha ar thríú tíortha neamhchomhlachaithe á laghdú an tráth céanna.

2. Seo a leanas cuspóirí sonracha an Chláir:

(a) dlús nach beag a chur le timthriallta nuálaíochta táirgí agus teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn agus atá suaiteach maidir le cosaint, arna bhforbairt ar fud an Aontais ag FBManna, lena n-áirítear gnólachtaí nuathionscanta, agus riachtanais phráinneacha na mBallstát á gcur san áireamh agus leas á bhaint as acmhainneacht nuálaíochta thionscal an Aontais ina iomláine.

(b) Tacú le fórsaí armtha na mBallstát agus le príomhchonraitheoirí tionsclaíocha cosanta na hEorpa táirgí agus teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn agus atá suaiteach maidir le cosaint arna bhforbairt ag FBManna, lena n-áirítear gnólachtaí nuathionscanta nuálacha agus gnólachtaí nuálacha atá i mbun fáis, a ghlacadh agus tacú lena n-uas-scálú ar fud na hEorpa, agus ar an gcaoi sin buntáiste teicneolaíoch fhórsaí armtha na mBallstát a threisiú agus athléimneacht agus slándáil an tsoláthair le haghaidh na dtáirgí agus na dteicneolaíochtaí cosanta sin ar fud an Aontais a fheabhsú.

*Airteagal 4*

**Buiséad**

1. Is é EUR 115 000 000 i bpraghsanna reatha a bheidh san imchlúdach airgeadais táscach le haghaidh chur chun feidhme an Chláir, idir an 1 Eanáir 2027 agus an 31 Nollaig 2027.

2. Féadfar gealltanais bhuiséadacha maidir le gníomhaíochtaí ar faide iad ná bliain airgeadais amháin a roinnt ina dtráthchodanna bliantúla thar roinnt blianta.

3. Féadfar leithreasuithe a iontráil i mbuiséad an Aontais tar éis 2027 chun na costais is gá a chumhdach agus chun go mbeifear in ann na gníomhaíochtaí nach mbeidh curtha i gcrích faoi dheireadh an Chláir a bhainistiú, mar aon le costais lena gcumhdaítear gníomhaíochtaí agus seirbhísí oibríochtúla criticiúla.

4. An t-imchlúdach airgeadais dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo agus méideanna na n-acmhainní breise dá dtagraítear in Airteagal 5, féadfar iad a úsáid freisin le haghaidh cúnamh teicniúil agus riaracháin chun an Clár a chur chun feidhme, amhail gníomhaíochtaí ullmhúcháin, faireacháin, rialúcháin, iniúchóireachta agus meastóireachta, lena n-áirítear córais teicneolaíochta faisnéise chorparáideacha a dhearadh, a chur ar bun, a thástáil, a dheimhniú, a oibriú agus a chothabháil, chomh maith le gníomhaíochtaí faisnéise agus cumarsáide, lena n-áirítear cumarsáid chorparáideach maidir le tosaíochtaí polaitiúla an Aontais, chomh maith le gach cúnamh teicniúil agus riaracháin eile nó gach costas eile a bhaineann leis an bhfoireann arna thabhú ag an gCoimisiún agus an Clár á bhainistiú.

*Airteagal 5*

**Acmhainní breise**

1. Féadfaidh Ballstáit, institiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí an Aontais, tríú tíortha, eagraíochtaí idirnáisiúnta, institiúidí idirnáisiúnta airgeadais, nó tríú páirtithe eile, ranníocaíochtaí airgeadais nó neamhairgeadais breise a chur ar fáil don Chlár, nó d’aon cheann dá ghníomhaíochtaí sonracha nó dá chuspóirí sonracha dá dtagraítear in Airteagal 3. Is ioncam sannta seachtrach de réir bhrí Airteagal 21(2), pointí (a), (d), nó (e) nó Airteagal 21(5) de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 a bheidh sna ranníocaíochtaí airgeadais breise.

2. Maidir le hacmhainní arna leithdháileadh ar Bhallstáit faoi bhainistíocht chomhroinnte, féadfar, iad a aistriú chuig an gClár, arna iarraidh sin do na Ballstáit lena mbaineann, faoi réir na gcoinníollacha a leagtar amach sna forálacha ábhartha de Rialachán (AE) 2021/1060. Cuirfidh an Coimisiún na hacmhainní sin chun feidhme go díreach i gcomhréir le hAirteagal 62(1), an chéad fhomhír, pointe (a), de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 nó go hindíreach i gcomhréir le pointe (c) den fhomhír sin. Úsáidfear na hacmhainní sin chun leas an Bhallstáit lena mbaineann. I gcás nach bhfuil gealltanas dlíthiúil tugtha ag an gCoimisiún faoi bhainistíocht dhíreach nó indíreach le haghaidh méideanna breise arna gcur ar fáil ar an gcaoi sin don Ionstraim, féadfar na méideanna comhfhreagracha nár gealladh a aistriú ar ais chuig na cláir fhoinseacha, arna iarraidh sin don Bhallstát lena mbaineann, i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar amach i Rialachán (AE) 2021/1060.

*Airteagal 6*

**Cistiú malartach, comhcheangailte agus carnach**

1. Cuirfear an Clár chun feidhme i sineirge le cláir eile de chuid an Aontais. Féadfaidh gníomhaíocht a mbeidh ranníocaíocht ón Aontas faighte aici ó chlár eile ranníocaíocht a fháil faoin gClár freisin. Beidh feidhm ag rialacha chlár ábhartha an Aontais maidir leis an ranníocaíocht chomhfhreagrach, sin nó féadfar sraith aonair rialacha a chur i bhfeidhm maidir leis na ranníocaíochtaí uile, agus féadfar gealltanas dlíthiúil aonair a thabhairt i gcrích. Más ar chostais incháilithe a bhunaítear an ranníocaíocht ón Aontas, ní rachaidh an tacaíocht charnach ó bhuiséad an Aontais thar chostais incháilithe iomlána na gníomhaíochta agus féadfar í a ríomh ar bhonn *pro rata* i gcomhréir leis na doiciméid ina leagtar amach na coinníollacha maidir le tacaíocht.

2. Nósanna imeachta dámhachtana a bheidh ann faoin gClár, féadfar iad a stiúradh go comhpháirteach faoi bhainistíocht dhíreach nó indíreach, i gcomhar leis na Ballstáit, le hinstitiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí an Aontais, le tríú tíortha, le heagraíochtaí idirnáisiúnta, le hinstitiúidí idirnáisiúnta airgeadais, nó le tríú páirtithe eile, ar choinníoll go gcosnófar leasanna airgeadais an Aontais. Beidh na nósanna imeachta sin faoi réir sraith aonair rialacha agus mar gheall orthu tabharfar gealltanais dhlíthiúla aonair i gcrích. Chun na críche sin, na comhpháirtithe sa nós imeachta dámhachtana comhpháirteach, féadfaidh siad acmhainní a chur ar fáil don Chlár i gcomhréir le hAirteagal 5 den Rialachán seo, nó féadfar a chur de chúram ar na comhpháirtithe an nós imeachta dámhachtana a chur chun feidhme, i gcás inarb infheidhme i gcomhréir le hAirteagal 62(1), pointe (c), de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509. Chun críocha Airteagal 153(3) de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509, i gcás nósanna imeachta dámhachtana comhpháirteacha, féadfaidh an coiste meastóireachta a bheith comhdhéanta go páirteach de chomhaltaí atá ina n-ionadaithe thar ceann chomhpháirtithe an nós imeachta sin.

*Airteagal 7*

**Tríú tíortha atá comhlachaithe leis an gClár**

1. Féadfar rannpháirtithe sa Chlár a dhéanamh de na tríú tíortha seo a leanas trí chomhlachas iomlán nó páirteach leis an gClár i gcomhréir leis na cuspóirí a leagtar síos in Airteagal 3 agus i gcomhréir leis na comhaontuithe idirnáisiúnta ábhartha nó le haon chinneadh arna ghlacadh faoi na comhaontuithe sin agus is infheidhme maidir le:

(a) comhaltaí de Chomhlachas Saorthrádála na hEorpa ar comhaltaí iad den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch;

(b) an Úcráin, i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos sa Chomhaontú Comhlachais idir an tAontas Eorpach agus an Úcráin.

2. Maidir leis na comhaontuithe comhlachais i dtaca le rannpháirtíocht sna Cláir leis na tíortha dá dtagraítear in Airteagal 7(1), beidh an méid seo a leanas i gceist leo:

(a) áiritheoidh siad cothromaíocht a mhéid a bhaineann le ranníocaíochtaí agus sochair an tríú tír atá rannpháirteach sa Chlár;

(b) leagfar síos leo na coinníollacha maidir le rannpháirtíocht sa Chlár, lena n-áirítear ríomh na ranníocaíochtaí airgeadais, arb éard atá iontu ranníocaíocht oibríochtúil agus táille rannpháirtíochta, do chlár agus dá chostais riaracháin ghinearálta;

(c) ní thabharfaidh siad aon chumhacht chinnteoireachta sa Chlár don tríú tír;

(d) ráthóidh siad cearta an Aontais chun bainistíocht fhónta airgeadais a áirithiú agus chun a leasanna airgeadais a chosaint;

(e) i gcás inarb ábhartha, áiritheoidh siad cosaint leasanna slándála agus oird phoiblí an Aontais.

3. Chun críocha phointe (d), deonóidh an tríú tír chomhlachaithe na cearta agus an rochtain is gá a cheanglaítear faoi Rialacháin (AE, Euratom) 2024/2509 agus (AE, Euratom) Uimh. 883/2013, agus ráthóidh sí go mbeidh cinntí forfheidhmiúcháin lena bhforchuirtear oibleagáid airgid ar bhonn Airteagal 299 CFAE, chomh maith le breithiúnais agus orduithe ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, in-fhorfheidhmithe agus áiritheoidh sí go gcomhoibreoidh a húdaráis inniúla le hOifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE) in imscrúduithe agus ionchúisimh i leith cionta coiriúla a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais i gcomhréir leis na comhaontuithe idirnáisiúnta is infheidhme nó le rialacha eile is infheidhme.

*Airteagal 8*

**Cur chun feidhme agus foirmeacha cistiúcháin ón Aontas**

1. Cuirfear an Clár chun feidhme i gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509, faoi bhainistíocht dhíreach nó faoi bhainistíocht indíreach trí bhíthin eintitis dá dtagraítear in Airteagal 62(1), pointe (c), den Rialachán sin.

2. Féadfar cistiú ón Aontas a sholáthar in aon fhoirm i gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509.

3. I gcomhréir le pointe (a) d’Airteagal 196(2) de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509, féadfar a chumhdach le ranníocaíochtaí airgeadais, i gcás inarb ábhartha agus inar gá chun gníomhaíocht a chur chun feidhme, gníomhaíochtaí ar cuireadh tús leo agus na costais a tabhaíodh roimh an dáta a cuireadh isteach an togra le haghaidh na ngníomhaíochtaí sin, ar choinníoll nár cuireadh tús leis na gníomhaíochtaí sin tráth nach mó ná 3 mhí roimh dhúnadh an ghlao ar thograí agus nár tugadh i gcrích iad sular síníodh an comhaontú deontais.

4. I gcás ina soláthrófar cistiú ón Aontas i bhfoirm deontais, soláthrófar cistiú mar mhaoiniú nach bhfuil nasctha le costais ná le roghanna costais simplithe, i gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509. Ní fhéadfar cistiú a sholáthar i bhfoirm

aisíocaíocht costais incháilithe iarbhír ach amháin i gcás nach féidir cuspóirí gníomhaíochta a bhaint amach ar shlí eile.

5. I gcomhréir le hAirteagal 153(3) de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509, féadfaidh an coiste meastóireachta a bheith comhdhéanta go páirteach nó go hiomlán de shaineolaithe seachtracha neamhspleácha.

*Airteagal 9*

**Incháilitheacht**

1. Socrófar critéir incháilitheachta chun tacú le baint amach na gcuspóirí a leagtar síos in Airteagal 3, i gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 agus beidh feidhm acu maidir le gach nós imeachta dámhachtana faoin gClár.

2. I nósanna imeachta dámhachtana faoi bhainistíocht dhíreach agus indíreach, féadfaidh ceann amháin nó níos mó de na heintitis dhlítheanacha seo a leanas a bheith incháilithe chun cistiú a fháil ón Aontas:

   (a) eintitis atá bunaithe i mBallstát;

   (b) eintitis atá bunaithe i dtríú tír chomhlachaithe;

   (c) eagraíochtaí idirnáisiúnta;

3. Maidir le gníomhaíochtaí a fhaigheann tacaíocht faoin gClár mar a liostaítear in Airteagal 10, cé is moite de ghníomhaíochtaí dá dtagraítear i bpointe (d) d’Airteagal 10 (1), is iad FBManna, lena n-áirítear gnólachtaí nuathionscanta nuálacha agus gnólachtaí nuálacha atá i mbun fáis, a bheidh ina bhfaighteoirí cistithe ón Aontas, agus comhlíonfaidh siad na ceanglais incháilitheachta a leagtar amach san Airteagal seo.

4. Cé is moite de ghníomhaíochtaí dá dtagraítear i bpointe (c) d’Airteagal 10(1), beidh faighteoirí bunaithe san Aontas nó i dtríú tír chomhlachaithe, beidh a struchtúir bainistíochta feidhmiúcháin san Aontas nó i dtríú tír chomhlachaithe.

5. Ní bheidh faighteoirí faoi réir rialú ag tríú tír neamhchomhlachaithe ná ag eintiteas de chuid tríú tír neamhchomhlachaithe.

6. Maidir le bonneagar, saoráidí, sócmhainní agus acmhainní faighteoirí cistithe ón Aontas a úsáidtear chun críocha na gníomhaíochta cistithe, beidh siad lonnaithe ar chríoch Ballstáit nó tríú tír chomhlachaithe ar feadh thréimhse iomlán na gníomhaíochta.

7. I gcás nach bhfuil aon rogha mhalartach ná bonneagar, saoráidí, sócmhainní agus acmhainní ábhartha ar fáil go héasca san Aontas nó i dtríú tír chomhlachaithe le haghaidh faighteoirí cistithe ón Aontas atá rannpháirteach i ngníomhaíocht, féadfaidh siad úsáid a bhaint as a mbonneagar, a saoráidí, a sócmhainní nó a n-acmhainní atá lonnaithe nó atá i seilbh acu lasmuigh de chríoch na mBallstát nó na dtíortha comhlachaithe, ar choinníoll nach sáróidh an úsáid sin leasanna slándála agus cosanta an Aontais agus a mBallstát, lena n-áirítear urraim do phrionsabal an dea-chaidrimh comharsanachta, agus go bhfuil sí i gcomhréir leis na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 3. Na costais a bhaineann le gníomhaíochtaí ina n-úsáidtear an bonneagar, na saoráidí, na sócmhainní nó na hacmhainní sin, ní bheidh siad incháilithe le haghaidh tacaíocht ón gClár.

8. Féadfar a mheas go gcomhlíonann eintitis dhlítheanacha na coinníollacha incháilitheachta dá dtagraítear sa mhír seo i gcás ina bhfuil coinníollacha

coibhéiseacha comhlíonta acu faoi Rialacháin (AE) 2018/1092[20], (AE) 2021/697[21], (AE) 2023/1525[22], nó (AE) 2023/2418[23] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle nó faoi Rialachán (AE) 2025/1106[24] agus ar choinníoll nach ndéanfar, le haon athruithe ina dhiaidh sin, amhras a chaitheamh ar chomhlíonadh na gcoinníollacha sin.

9. I nósanna imeachta dámhachtana, ní bheidh na gníomhaíochtaí seo a leanas incháilithe chun cistiú a fháil:

   (a) gníomhaíochtaí nó codanna díobh, atá á maoiniú go hiomlán cheana féin ó fhoinsí poiblí nó príobháideacha eile, cé is moite de ranníocaíochtaí ón Aontas i gcomhthéacs gníomhaíochtaí sineirge dá dtagraítear in Airteagal 6;

   (b) gníomhaíochtaí chun táirgí agus teicneolaíochtaí a fhorbairt a bhfuil a n-úsáid, a bhforbairt nó a dtáirgeadh toirmiscthe faoin dlí idirnáisiúnta is infheidhme.

*Airteagal 10*

**Gníomhaíochtaí maidir le Clár um Nuálaíocht Shofhreagrach Mhear i Réimse na Cosanta**

1. Le gníomhaíochtaí atá incháilithe chun cistiú a fháil faoin gClár, cuirfear chun feidhme na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 3 den Rialachán seo agus féadfaidh siad a bheith i gceann de na foirmeacha seo a leanas, nó teaglaim díobh:

   (a) tacaíocht d’fhorbairt mhear táirgí agus teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn agus atá suaiteach maidir le cosaint, lena n-áirítear i gcás ina bhfuil sí bunaithe ar chomhtháthú agus ar oiriúnú teicneolaíochtaí sibhialtacha a bhfuil acmhainneacht dé-úsáide acu chun críoch cosanta;

[20] Rialachán (AE) 2018/1092 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 lena mbunaítear an Clár Eorpach Forbartha Tionscal i réimse na Cosanta lena ndírítear ar thacú le hiomaíochas agus cumas nuálaíochta thionscal cosanta an Aontais (IO L 200, 7.8.2018, lch. 30, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1092/oj).

[21] Rialachán (AE) 2021/697 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2021 lena mbunaítear an Ciste Eorpach Cosanta agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2018/1092 (IO L 170, 12.5.2021, lch. 149, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/697/oj).

[22] Rialachán (AE) 2023/1525 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Iúil 2023 maidir le tacú le táirgeadh armlóin (ASAP) (IO L 185, 24.7.2023, lch. 7, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/1525/oj).

[23] Rialachán (AE) 2023/2418 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Deireadh Fómhair 2023 maidir le hionstraim a bhunú chun tionscal cosanta na hEorpa a atreisiú trí sholáthar comhoibríoch (EDIRPA) (IO L, 2023/2418, 26.10.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/2418/oj).

[24] Rialachán (AE) 2025/1106 ón gComhairle an 27 Bealtaine 2025 lena mbunaítear an Ionstraim um Ghníomhaíocht Slándála don Eoraip (SAFE) trí Atreisiú an Tionscail Cosanta Eorpaigh *IO L, 2025/1106, 28.5.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2025/1106/oj*

(b) tacaíocht do ghlacadh margaidh maidir le táirgí agus teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn agus atá suaiteach maidir le cosaint, lena n-áirítear trí thástáil agus taispeántais allamuigh thiomnaithe agus atriallacha agus lena n-áirítear trí thacú le comhiomlánú éilimh;

(c) tacaíocht chun eintiteas nó a struchtúr bainistíochta feidhmiúcháin a bhunú san Aontas nó i dtríú tír chomhlachaithe chun gníomhaíochtaí faoi phointí (a) agus (b) a chur chun feidhme go héifeachtach;

(d)tacú leis an ngníomhaíocht is gá chun gníomhaíochtaí faoi phointí (a) agus (b) a chur chun feidhme go héifeachtach, lena n-áirítear cáilíocht, deimhniú, rochtain ar bhonneagar, rochtain ar chumais agus próisis mhonaraíochta nuálacha, forbairt scileanna, soláthar staidéar agus forbairt éiceachóras agus gníomhaíochtaí neartaithe, ach gan a bheith teoranta dóibh sin amháin.

2. Leis an gClár, féadfar tacaíocht a sholáthar do ghníomhaíochtaí lena gcumhdaítear uasghrádú tapa táirgí agus teicneolaíochtaí atá ann cheana, ar choinníoll nach bhfuil úsáid na faisnéise, na maoine intleachtúla nó na gceart eile is gá atá ann cheana chun an ghníomhaíocht a dhéanamh faoi réir srianadh ó thríú tír neamhchomhlachaithe nó ó eintiteas de chuid tríú tír neamhchomhlachaithe, go díreach nó go hindíreach trí eintiteas dlíthiúil idirmheánach amháin nó níos mó, lena gcuirfí cosc ar chur chun feidhme éifeachtach na gníomhaíochta.

3. Bainfidh faighteoirí an Chláir tairbhe, i gcás inar féidir agus inarb iomchuí, as rochtain mhear ar shaoráidí tástála agus turgnamhaíochta an Aontais agus ar Luasaire Gnó EUDIS.

*Airteagal 11*

**Critéir dhámhachtana**

1. I gcás inarb ábhartha agus inarb iomchuí ag brath ar chineál an nós imeachta dámhachtana, agus i gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509, leagfar amach na critéir dhámhachtana sna cláir oibre dá dtagraítear in Airteagal 16 agus cuirfear na prionsabail seo a leanas san áireamh iontu:

(a) acmhainneacht suaiteachta;

(b) cáilíocht an togra agus an cumas an ghníomhaíocht a chur chun feidhme;

(c) an tionchar i réimse na cosanta, agus riachtanais na mBallstát agus na dtríú tíortha comhlachaithe á gcur san áireamh, lena n-áirítear an tionchar maidir le costéifeachtúlacht, luas seachadta, agus ullmhacht le haghaidh úsáid oibríochtúil.

2. Leagfar síos sa chlár oibre dá dtagraítear in Airteagal 16 mionsonraí breise maidir le cur i bhfeidhm na gcritéar dámhachtana a leagtar síos i mír 1, agus cuspóirí an ghlao ar thograí á gcur san áireamh, chomh maith leis an nós imeachta roghnúcháin agus meastóireachta.

*Airteagal 12*

**Nós imeachta meastóireachta agus dámhachtana**

1. Chun a áirithiú gur féidir na gníomhaíochtaí a liostaítear in Airteagal 10 a chur chun feidhme go héifeachtach gan moill mhíchuí, féadfar nósanna imeachta dámhachtana

a shainaithint sa chlár oibre, faoi bhainistíocht dhíreach nó indíreach, a thairbhíonn de nós imeachta dámhachtana brostaithe agus simplithe.

2. De mhaolú ar Airteagail 199, 201 agus 203 de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 maidir le deontais, agus Airteagal 170(1), pointí (b) agus (c), agus (2) maidir le soláthar le haghaidh nósanna imeachta dámhachtana a shainaithnítear sa chlár oibre, féadfaidh feidhm a bheith ag na coinníollacha seo a leanas:

   (a) Na ceanglais maidir leis an gcinneadh dámhachtana agus síniú na ngealltanas dlíthiúil a theorannú do réamh-mheastóireacht ar chritéir dhámhachtana agus eisiaimh; féadfar an cinneadh dámhachtana a dhéanamh bunaithe ar fhéindearbhú iarratasóirí agus tairgeoirí maidir le critéir roghnúcháin agus incháilitheachta, go háirithe maidir le rialú, agus ar an mbonn sin amháin, gan doiciméid tacaíochta chomhfhreagracha a iarraidh le linn na réamh-mheastóireachta. Cuirfidh an Coimisiún bailchríoch ar an meastóireacht deiridh gan moill mhíchuí.

   (b) Tabharfar fógra faoi thorthaí na réamh-mheastóireachta do na hiarratasóirí agus do na tairgeoirí laistigh de thréimhse a shonraítear sa chlár oibre; déanfar an cinneadh dámhachtana laistigh de thréimhse a shonraítear sa chlár oibre.

3. I gcás ina gcinntear sa mheastóireacht deiridh dá dtagraítear i mír 2 pointe (a) nach gcomhlíonann an faighteoir na critéir incháilitheachta agus roghnúcháin uile, déanfar an gealltanas dlíthiúil a fhoirceannadh.

4. Féadfaidh an clár oibre nósanna imeachta spriocdhírithe dámhachtana dhá chéim a bhunú ón mbun aníos i gcomhréir leis na rialacha seo a leanas:

   (a) le linn na chéad chéime, féadfar glao ar léiriú spéise a sheoladh gan na cineálacha gníomhaíochtaí ná an ionstraim atá le húsáid chun an buiséad a chur chun feidhme a shonrú, chun é a chur ar a gcumas d’iarratasóirí agus tairgeoirí tograí tionscadail nó tairiscintí ar earraí, oibreacha nó seirbhísí a thíolacadh a d’fhéadfadh rannchuidiú le cuspóirí an Rialacháin seo, mar a leagtar amach sa Chlár Oibre dá dtagraítear in Airteagal 16.

   Déanfar meastóireacht agus rangú ar thograí agus ar thairiscintí bunaithe ar chritéir dhámhachtana choiteanna, a leagtar amach sa Chlár Oibre, amhail a rannchuidiú comparáideach leis na cuspóirí. Cinnfidh an coiste meastóireachta an ionstraim is iomchuí de chur chun feidhme an bhuiséid faoi bhainistíocht dhíreach nó indíreach, chomh maith le huasmhéid agus foirm ranníocaíocht an Aontais a mholadh.

   (b) le linn an dara céim, laistigh den bhuiséad atá ar fáil, iarrfar ar thionscadail nó ar thairiscintí a ndearnadh meastóireacht orthu a dtogra nó a dtairiscint a choigeartú agus a thabhairt chun críche i gcomhréir le conclúidí an choiste meastóireachta.

Seachas sin, leanfaidh an nós imeachta dámhachtana ar aghaidh i gcomhréir leis na rialacha mar a leagtar amach i Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 is infheidhme maidir leis an ionstraim ábhartha um chur chun feidhme an bhuiséid.

*Airteagal 13*

**Idirghabháil aslaigh**

1. De mhaolú ar Airteagal 9 den Rialachán seo, féadfar a shonrú sa chlár oibre go mbeidh nós imeachta dámhachtana i bhfoirm idirghabháil aslaigh ionas go bhféadfar comhlíonadh na gceanglas incháilitheachta a bhaineann leis an áit bhunaíochta nó leis an mbainistíocht feidhmiúcháin a tharscaoileadh go sealadach agus go coinníollach.

2. Bainfear amach comhlíonadh na gcritéar incháilitheachta a tarscaoileadh go sealadach i gcomhréir le mír 1 den Airteagal seo agus déanfar meastóireacht air laistigh de thréimhse ama a shonraítear sa ghealltanas dlíthiúil. Cuirfear an tacaíocht ón Aontas ar fáil a luaithe a chomhlíonfar na ceanglais uile.

3. Mura gcomhlíontar na critéir incháilitheachta a tarscaoileadh go sealadach i gcomhréir le mír 1 den Airteagal seo laistigh den tréimhse shonrach a shonraítear sa ghealltanas dlíthiúil, measfar an ghníomhaíocht a bheith neamh-incháilithe agus déanfar aon chistiú ón Aontas a aisghabháil ina iomláine.

4. Chun críche an Airteagail seo, ní íocfar aon réamh-mhaoiniú.

*Airteagal 14*

**Rátaí cistiúcháin**

Gan dochar d’Airteagal 193 de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509, féadfar suas le 100 % de na costais incháilithe a mhaoiniú leis an gClár.

*Airteagal 15*

**Úinéireacht na dtorthaí**

1. Ní bheidh torthaí na ngníomhaíochtaí a fhaigheann tacaíocht ón gClár faoi réir aon rialú nó srian ó thríú tíortha neamhchomhlachaithe nó ó eintitis de chuid tríú tíortha neamhchomhlachaithe, go díreach nó go hindíreach, trí eintiteas dlíthiúil idirmheánach amháin nó níos mó, lena n-áirítear ó thaobh aistriú teicneolaíochta de.

2. Ní dhéanfar difear leis an Rialachán seo do lánrogha na mBallstát a mhéid a bhaineann lena mbeartais maidir le honnmhairiú teicneolaíochta míleata agus trealaimh mhíleata.

3. Déanfar aistrithe teicneolaíochta i gcomhréir iomlán leis na forálacha a leagtar amach i dTreoir 2009/43/CE maidir le téarmaí agus coinníollacha aistrithe táirgí a bhaineann leis an gcosaint a shimpliú laistigh den Chomhphobal agus, i gcás inarb ábhartha, i Rialachán (AE) 2021/821 lena mbunaítear córas Aontais chun onnmhairiú, bróicéireacht, cúnamh teicniúil, idirthuras agus aistriú ítimí dé-úsáide a rialú.

4. Gan dochar do mhír 2 den Airteagal seo, maidir le haon aistriú úinéireachta nó deonú ceadúnas eisiach do thríú tír neamhchomhlachaithe nó d’eintiteas de chuid tríú tír neamhchomhlachaithe le haghaidh torthaí a ghintear tríd an gClár, a dhéantar laistigh de 3 bliana tar éis íocaíocht deiridh na gníomhaíochta, beidh sé faoi réir fógra agus formheas a fháil roimh ré ón gCoimisiún nó ón mBallstát ábhartha nó ó údaráis de chuid tríú tír chomhlachaithe faoi choinníollacha lena n-áirithítear cosaint leasanna slándála agus cosanta an Aontais. I gcás ina sáraíonn aistriú úinéireachta mar sin

leasanna slándála agus cosanta an Aontais agus na mBallstát nó na cuspóirí mar a leagtar amach in Airteagal 3 iad, aisíocfar an tacaíocht ón gClár a cuireadh ar fáil.

5. I gcás ina gcuirtear tacaíocht ón Aontas ar fáil mar sholáthar poiblí staidéir, beidh na torthaí faoi úinéireacht an Aontais agus beidh an ceart, in aisce, ag na Ballstáit uile nó ag tríú tíortha comhlachaithe uile ar cheadúnas neamheisiach chun an staidéar a úsáid, ar iarraidh i scríbhinn.

6. I gcás ina soláthraítear tacaíocht ón Aontas i bhfoirm deontais, beidh cearta rochtana saor ó ríchíosanna ar thorthaí, arna iarraidh sin d'institiúidí, do chomhlachtaí, d'oifigí nó do ghníomhaireachtaí an Aontais agus d'údaráis deonúcháin, gan tionchar a imirt ar úinéireacht na dtorthaí, lena n-áirítear CMInna ar fhaisnéis chúlra, chun beartais nó cláir an Aontais atá ann cheana i réimsí a inniúlachta agus an ceart chun deontais a fhorbairt, a chur chun feidhme agus faireachán a dhéanamh orthu, agus chun na críche sin amháin.

*Airteagal 16*

**Clár Oibre**

1. Is le clár oibre dá dtagraítear in Airteagal 110(2) de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 a chuirfear an Clár chun feidhme.

2. Sa chlár oibre, leagfar amach go mionsonrach na catagóirí gníomhaíochtaí a gheobhaidh tacaíocht ón gClár. Beidh na catagóirí sin i gcomhréir leis na cuspóirí dá dtagraítear in Airteagal 3.

3. Cé is moite den nós imeachta dámhachtana a shainítear in Airteagal 12(5), beidh ceanglais fheidhmiúla sa chlár oibre i gcás inarb iomchuí agus sonrófar ann cineál an chistithe ón Aontas faoi Airteagal 8, ach ní chuirfear cosc ar iomaíocht i measc na nglaonna ar thograí an tráth céanna.

4. Glacfaidh an Coimisiún an clár oibre trí bhíthin gníomh cur chun feidhme. Glacfar an gníomh cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta comhairleach dá dtagraítear in Airteagal 17(3).

*Airteagal 17*

**Nós imeachta Coiste**

1. Tabharfaidh coiste cúnamh don Choimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

2. Tabharfar cuireadh don Ghníomhaireacht Eorpach um Chosaint (GEC) a barúlacha agus a saineolas a sholáthar don choiste mar bhreathnóir. Iarrfar ar an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí freisin rannchuidiú le hobair an choiste.

3. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

*Airteagal 18*

**An gaol le Treoir 2009/81/CE**

Measfar gur conradh arna dhámhachtain faoi chuimsiú clár comhoibritheach bunaithe ar thaighde agus forbairt dá dtagraítear in Airteagal 13 (c) de Threoir 2009/81/CE [tar éis

ghlacadh Threoir Omnibus 2025/0177 (COD)] é conradh soláthair Ballstáit maidir le haon táirge cosanta a eascraíonn as gníomhaíocht a fhaigheann tacaíocht faoin gClár.

*Airteagal 19*

**Na rialacha maidir le faisnéis rúnaicmithe a chur i bhfeidhm**

1. Faoi raon feidhme an Rialacháin seo:

   (a) Déanfaidh na Ballstáit agus na tríú tíortha comhlachaithe a bhfuil faighteoirí bunaithe ar a gcríoch measúnú ar íogaireacht na faisnéise cúlra agus tulra a láimhseáiltear le linn chur chun feidhme na ngníomhaíochtaí cistithe.

   (b) Má tá leibhéal aicmiúcháin náisiúnta ar an bhfaisnéis sin, bunóidh na Ballstáit agus na tríú tíortha comhlachaithe dá dtagraítear i bpointe (a) an creat slándála leordhóthanach, i gcomhréir le dlíthe agus rialacháin náisiúnta.

   (c) Áiritheoidh gach Ballstát go dtugann sé leibhéal cosanta d'fhaisnéis rúnaicmithe de chuid an Aontais atá coibhéiseach leis an leibhéal cosanta a sholáthraítear le rialacha slándála na Comhairle a leagtar amach i gCinneadh 2013/488/AE;

   (d) Tabharfaidh an Coimisiún cosaint d'fhaisnéis rúnaicmithe a fhaightear i ndáil leis an gClár i gcomhréir leis na rialacha slándála a leagtar amach i gCinneadh (AE, Euratom) 2015/444.

2. Cuirfidh an Coimisiún córas malartaithe slán ar fáil chun córas malartaithe slán creidiúnaithe chun malartú faisnéise rúnaicmithe agus faisnéise íogaire a éascú idir an Coimisiún agus na Ballstáit agus tríú tíortha comhlachaithe agus, i gcás inarb iomchuí, leis na hiarratasóirí agus na faighteoirí. Cuirfear rialacháin náisiúnta slándála na mBallstát san áireamh sa chóras sin.

*Airteagal 20*

**Iniúchtaí**

Is é a bheidh mar bhonn leis an gcinnteacht fhoriomlán de bhun Airteagal 127 de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 na hiniúchtaí ar úsáid na ranníocaíochta ón Aontas arna ndéanamh ag daoine nó eintitis, lena n-áirítear daoine nó eintitis seachas iad sin ar thug institiúidí, comhlachtaí, oifigí nó gníomhaireachtaí eile de chuid an Aontais sainordú dóibh. Déanfaidh Cúirt Iniúchóirí na hEorpa scrúdú ar na cuntais a bhaineann le hioncam agus caiteachas uile an Aontais i gcomhréir le hAirteagal 287 CFAE.

*Airteagal 21*

**Faisnéis, cumarsáid agus poiblíocht**

1. Tabharfaidh faighteoirí cistithe ón Aontas aitheantas d'fhoinse na gcistí agus áiritheoidh siad infheictheacht an chistithe sin, lena n-áirítear nuair a bhíonn na gníomhaíochtaí agus a dtorthaí á gcur chun cinn, trí fhaisnéis spriocdhírithe atá comhleanúnach, éifeachtach agus comhréireach a sholáthar do shainghrúpaí éagsúla, lena n-áirítear na meáin agus an pobal.

2. Cuirfidh an Coimisiún chun feidhme gníomhaíochtaí faisnéise agus cumarsáide a bhaineann leis an Rialachán sin, leis na gníomhaíochtaí a rinneadh de bhun an Rialacháin sin, agus leis na torthaí a baineadh amach.

3. Trí acmhainní airgeadais arna leithdháileadh ar an gClár, féadfar rannchuidiú le heagrú gníomhaíochtaí scaipthe, imeachtaí líonraithe agus gníomhaíochtaí múscailte feasachta, lena n-áirítear chun slabhraí soláthair a oscailt chun rannpháirtíocht trasteorann FBManna a chothú.

*Airteagal 22*

**Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*
*An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

**RÁITEAS REACHTACH AIRGEADAIS AGUS DIGITEACH**


1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH .......... 3

1.1. Teideal an togra/tionscnaimh .......... 3

1.2. Réimsí beartais lena mbaineann .......... 3

1.3. Cuspóirí .......... 3

1.3.1. Cuspóirí ginearálta .......... 3

1.3.2. Cuspóirí sonracha .......... 3

1.3.3. An toradh agus an tionchar a mheastar a bheidh ann .......... 3

1.3.4. Táscairí feidhmíochta .......... 3

1.4. Baineann an togra/tionscnamh le: .......... 4

1.5. Foras an togra/tionscnaimh .......... 4

1.5.1. Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena n-áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme céimneach an tionscnaimh .......... 4

1.5.2. Breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais (tá rudaí éagsúla a bhféadfadh an breisluach sin eascairt astu, e.g. gnóthachain de thoradh comhordú, deimhneacht dhlíthiúil, breis éifeachtachta nó comhlántachtaí). Chun críocha na roinne seo, is é a chiallaíonn ‘breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais’ an luach a thagann as idirghabháil an Aontais, ar luach breise é le cois an luacha a bheadh ann dá mbeadh na Ballstáit ag feidhmiú astu féin. .......... 4

1.5.3. Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart .......... 4

1.5.4. Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil agus sineirgí a d’fhéadfadh a bheith ann le hionstraimí iomchuí eile .......... 5

1.5.5. Measúnú ar na roghanna éagsúla maoinithe atá ar fáil, lena n-áirítear na féidearthachtaí athshannadh a dhéanamh .......... 5

1.6. Fad an togra/tionscnaimh agus an fad a mhairfidh an tionchar airgeadais a bheidh aige .......... 6

1.7. Na modhanna atá beartaithe chun an buiséad a chur chun feidhme .......... 6

2. BEARTA BAINISTÍOCHTA .......... 8

2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe .......... 8

2.2. Córais bainistíochta agus rialaithe .......... 8

2.2.1. An réasúnaíocht atá leis na modhanna cur chun feidhme buiséid atá beartaithe, leis na sásraí cur chun feidhme cistithe atá beartaithe, leis na módúlachtaí íocaíochta atá beartaithe agus leis an straitéis rialaithe atá beartaithe .......... 8

2.2.2. Faisnéis faoi na rioscaí a aithníodh agus na córais rialaithe inmheánacha a cuireadh ar bun chun na rioscaí a mhaolú .......... 8

2.2.3. Meastachán ar chostéifeachtacht na rialuithe agus an réasúnaíocht atá leis an gcostéifeachtacht sin (an cóimheas idir na costais rialaithe agus luach na gcistí gaolmhara arna mbainistiú), agus measúnú ar an leibhéal riosca earráide a mheastar a bheidh ann (tráth na híocaíochta agus an tráth a dhúnfar an clár) .......... 8

2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc .... 9
3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH .... 10
3.1. Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid caiteachais ar a n-imreofar tionchar .... 10
3.2. An tionchar airgeadais a mheastar a bheidh ag an togra ar leithreasuithe .... 12
3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a imreofar ar leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí .... 12
3.2.1.1. Leithreasuithe ón mbuiséad ar vótáladh ina fhabhar .... 12
3.2.1.2. Leithreasuithe ó ioncaim shannta sheachtracha .... 17
3.2.2. An t-aschur a mheastar a chisteofar ó leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí .... 22
3.2.3. Achoimre ar an tionchar a mheastar a imreofar ar leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí .... 24
3.2.3.1.Leithreasuithe ón mbuiséad ar vótáladh ina fhabhar .... 24
3.2.3.2. Leithreasuithe ó ioncaim shannta sheachtracha .... 24
3.2.3.3. Iomlán na leithreasuithe .... 24
3.2.4. Na hacmhainní daonna a mheastar a bheidh riachtanach .... 25
3.2.4.1. Nithe arna maoiniú ón mbuiséad ar vótáladh ina fhabhar .... 25
3.2.4.2. Nithe arna maoiniú ó ioncaim shannta sheachtracha .... 26
3.2.4.3. Iomlán na n-acmhainní daonna a bheidh riachtanach .... 26
3.2.5. Forléargas ar an tionchar a mheastar a imreofar ar infheistíochtaí a bhaineann le teicneolaíochtaí digiteacha .... 28
3.2.6. Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha .... 28
3.2.7. Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe .... 28
3.3. An tionchar a mheastar a imreofar ar ioncam .... 29
4. GNÉITHE DIGITEACHA .... 29
4.1. Ceanglais a bhaineann le cúrsaí digiteacha .... 30
4.2. Sonraí .... 30
4.3. Réitigh dhigiteacha .... 31
4.4. Measúnú idir-inoibritheachta .... 31
4.5. Bearta chun tacú le cur chun feidhme digiteach .... 32

1. **LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH**

1.1. **Teideal an togra/tionscnaimh**

Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mBunaítear an

Clár um nuálaíocht shofhreagrach mhear i réimse na cosanta

1.2. **Réimsí beartais lena mbaineann**

An Tionscal Cosanta, Taighde agus Nuálaíocht, Iomaíochas.

1.3. **Cuspóirí**

*1.3.1. Cuspóirí ginearálta*

Is é cuspóir ginearálta an Chláir tacú le seachadadh mear táirgí agus teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn agus atá suaiteach maidir le cosaint lena dtugtar aghaidh ar na dúshláin is déanaí agus is mó atá ag athrú agus atá os comhair fhórsaí armtha na mBallstát, go háirithe iad siúd a eascraíonn as cogadh foghach na Rúise ar an Úcráin. Is é is aidhm dó feabhas a chur ar acmhainneacht nuálaíochta agus ar fhreagrúlacht mhear bhonn tionsclaíoch agus teicneolaíoch na cosanta Eorpaí (BTTCE), lena gcothófar a iomaíochas agus lena rannchuideofar le hullmhacht cosanta an Aontais a neartú, chomh maith le spleáchais straitéiseacha ar thríú tíortha neamhchomhlachaithe a laghdú.

*1.3.2. Cuspóirí sonracha*

Tá dhá chuspóir shonracha ag an gClár:

Dlús nach beag a chur le timthriallta nuálaíochta táirgí agus teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn agus atá suaiteach maidir le cosaint arna bhforbairt ar fud an Aontais ag FBManna, lena n-áirítear gnólachtaí nuathionscanta nuálacha agus gnólachtaí nuálacha atá i mbun fáis, agus riachtanais phráinneacha na mBallstát á gcur san áireamh agus leas á bhaint as acmhainneacht nuálaíochta thionscal an Aontais ina iomláine.

Tacú le fórsaí armtha na mBallstát agus le príomhchonraitheoirí tionsclaíocha cosanta na hEorpa táirgí agus teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn agus atá suaiteach maidir le cosaint arna bhforbairt ag FBManna, lena n-áirítear gnólachtaí nuathionscanta nuálacha agus gnólachtaí nuálacha atá i mbun fáis, a ghlacadh agus tacú lena n-uas-scálú ar fud na hEorpa, agus ar an gcaoi sin buntáiste teicneolaíoch fhórsaí armtha na mBallstát a threisiú agus athléimneacht agus slándáil an tsoláthair le haghaidh táirgí agus teicneolaíochtaí cosanta ar fud an Aontais a fheabhsú.

*1.3.3. An toradh agus an tionchar a mheastar a bheidh ann*

*Sonraigh an tionchar a bheadh ag an togra/tionscnamh ar na tairbhithe/grúpaí ar a bhfuil sé dírithe.*

Meastar go léireoidh an Clár um Nuálaíocht Shofhreagrach Mhear i Réimse na Cosanta bealaí nua le haghaidh tacaíocht nuálaíochta cosanta níos éifeachtúla a d’fhéadfadh bonn eolais a chur faoi smaointeoireacht ar chláir nuálaíochta cosanta an Aontais a bheidh ann amach anseo i gcomhthéacs na dtograí ón gCoimisiún maidir leis an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil ó 2028 ar aghaidh.

Déanfaidh sé tástáil ar shásraí cistiúcháin cuíchóirithe le haghaidh gnólachtaí nuathionscanta nuálacha, gnólachtaí atá i mbun fáis agus FBManna in earnáil na cosanta, rud a léireoidh bealaí níos tapúla chun margaidh le haghaidh nuálaíocht i

réimse na cosanta. Cuirfidh sé borradh faoin ullmhacht cosanta trí réitigh chosanta nuálacha a chur ar fáil atá ailínithe le riachtanais na bhfórsaí armtha sna Ballstáit den Aontas Eorpach agus i dtíortha comhlachaithe.

Cuideoidh sé le cosaint níos fearr a thabhairt do dhaoine san Aontas, trí fheabhas a chur ar bhuntáiste teicneolaíoch na bhfórsaí armtha agus trí dhíspreagadh a neartú.

Léireoidh sé a indéanta atá ualach riaracháin níos ísle agus nósanna imeachta brostaithe do chuideachtaí a fhaigheann tacaíocht (go háirithe FBManna, lena n-áirítear gnólachtaí nuathionscanta nuálacha agus gnólachtaí nuálacha atá i mbun fáis) a ndéanann amlínte fada na gclár cosanta T&F atá ann cheana difear díréireach dóibh faoi láthair, rud a chuirfidh ceachtanna luachmhara ar fáil do chláir a bheidh ann amach anseo.

1.3.4. *Táscairí feidhmíochta*

*Sonraigh na táscairí chun faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn agus ar ghnóthachain.*

Déanfar faireachán ar an dul chun cinn i dtreo Chuspóir Speisialta 1 tríd an líon iarratas a gheofar agus tograí a dhámhfar in aghaidh an ghlao, lena n-áirítear rannpháirtíocht nuálaithe cosanta céaduaire; an meán-am chun comhaontú deontais a dhámhachtain/a shíniú, arna thomhas ó dhúnadh glao go síniú dámhachtana cistiúcháin ón Aontas agus eisíocaíocht cistí ábhartha. Is é an sprioc atá ann am a choinneáil chun dámhachtain a dhéanamh go 4 mhí, le bonnlíne 8 mí (bunaithe ar thaithí CEC).

Déanfar faireachán ar an dul chun cinn i dtreo Chuspóir Speisialta 2 tríd an líon tograí a dhámhfar in aghaidh an ghlao, go háirithe le haghaidh na ngníomhaíochtaí a bhaineann le glacadh trasteorann táirgí agus teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn agus atá suaiteach maidir le cosaint, trí rianú a dhéanamh ar dhul chun cinn na rannpháirtithe sa Chlár agus ar a mhéid a ghlacann fórsaí armtha nó príomhchonraitheoirí na mBallstát le tionscadail chistithe. Socrófar bonnlínte agus spriocanna tráth a sheolfar an clár agus déanfar athbhreithniú orthu ag deireadh na clárthréimhse (fad bliana).

**1.4. Baineann an togra/tionscnamh le:**

☑ beart nua

☐ beart nua a leanann treoirthionscadal / réamhbheart[25]

☐ síneadh ar bheart atá ann cheana

☐ beart nó bearta a chumasc nó a atreorú i dtreo beart eile/beart nua

**1.5. Foras an togra/tionscnaimh**

1.5.1. *Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena n-áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme céimneach an tionscnaimh*

Ós rud é go bhfuil an Clár teoranta don CAI reatha, tá na ceanglais go léir gearrthéarmach agus meántéarmach. Is é an tosaíocht is práinní struchtúir rialachais

[25] Dá dtagraítear in Airteagal 58(2), pointe (a) nó (b) den Rialachán Airgeadais.

agus oibríochtúla an Chláir a bhunú agus glaonna ar thograí a fhoilsiú a luaithe is féidir chun an t-am atá ar fáil do chur chun feidhme an tionscadail agus d'ionsú an bhuiséid a uasmhéadú, rud a chuirfidh ar chumas tionscadal cistithe torthaí nithiúla a bhaint amach roimh dheireadh na clárthréimhse.

Amlíne tháscach don chur i bhfeidhm: an Rialachán a ghlacadh faoi dheireadh 2026, an chéad Chlár Oibre agus glaonna ar thograí a fhoilsiú ag tús 2027, agus comhaontuithe deontais a shíniú faoi R2-R3 2027.

1.5.2. *Breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais (tá rudaí éagsúla a bhféadfadh an breisluach sin eascairt astu, e.g. gnóthachain de thoradh comhordú, deimhneacht dhlíthiúil, breis éifeachtachta nó comhlántachtaí). Chun críocha na roinne seo, is é a chiallaíonn 'breisluach a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais' an luach a thagann as idirghabháil an Aontais, ar luach breise é le cois an luacha a bheadh ann dá mbeadh na Ballstáit ag feidhmiú astu féin.*

Tá gníomhaíocht chomhordaithe ar leibhéal an Aontais ríthábhachtach chun díspreagadh inchreidte agus ceannaireacht theicneolaíoch sa chosaint a bhaint amach go pras. Mar gheall ar na timthriallta nuálaíochta meara a fheictear sa chogaíocht nua-aimseartha, mar a léiríodh leis an gcogadh san Úcráin, ní mór don Aontas a bheith in ann réitigh nuálacha chosanta a fhorbairt agus a chur in úsáid go pras. Ní féidir le gníomhaíocht na mBallstát amháin aghaidh a thabhairt go leordhóthanach ar na dúshláin a shainaithnítear ar an scála agus ar an luas is gá i gcomhréir le leasanna straitéiseacha an Aontais. Níl sásraí ag na Ballstáit uile chun tacú le nuálaíocht mhear i réimse na cosanta, rud a fhágann nach bhfuil rochtain ag gnólachtaí nuálacha i roinnt tíortha ar dheiseanna cistiúcháin. Fiú i gcás inarb ann d'ionstraimí náisiúnta, is iondúil go mbíonn fócas intíre acu agus nach mbíonn an scála is gá acu chun tacú le cur in úsáid trasteorann réiteach lena gcomhlíonfaí riachtanais oibríochtúla ar fud an Aontais. Is é an toradh atá air sin iarrachtaí scoite, infheistíochtaí dúbailte, agus deiseanna comhair caillte ar fud Bhonn Tionsclaíoch agus Teicneolaíoch na Cosanta Eorpaí (BTTCE).

Cuireann gníomhaíocht ar leibhéal an Aontais amhail an Clár um Nuálaíocht Shofhreagrach Mhear i Réimse na Cosanta breisluach soiléir ar fáil trína chinntiú go bhfuil rochtain chomhionann ag gach cuideachta ar fud na mBallstát ar chistiú tapa cuíchóirithe gan beann ar an mbeartas náisiúnta ina dtír dhúchais. Trí oibriú ar scála an Aontais le nósanna imeachta simplithe agus amanna gearra bronnta, is féidir leis an gclár um nuálaíocht shofhreagrach mhear i réimse na cosanta freagairt ar luas na cogaíochta nua-aimseartha ar bhealach níos éifeachtaí ná cuir chuige náisiúnta scoite. Téann sé i ngleic le dúshláin trasteorann trí thacú le réitigh lena gcomhlíontar ceanglais oibríochtúla Bhallstáit an Aontais, trí leas a bhaint as acmhainneacht nuálach éiceachóras tionsclaíoch an Aontais ina iomláine agus trí ghníomhaithe nua i réimse na cosanta a chumasú chun teacht chun cinn ar fud an Aontais. Leis an gcur chuige comhordaithe sin, laghdaítear dúbailt, uasmhéadaítear tionchar infheistíochtaí an Aontais, agus laghdaítear spleáchas comhchoiteann ar chórais nach córais de chuid an Aontais iad ar bhealaí nach féidir a bhaint amach le gníomhaíochtaí na mBallstát aonair.

1.5.3. *Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart*

Baineann dearadh an Chláir leas as ceachtanna a foghlaimíodh ó chláir chosanta atá ann cheana, lena n-áirítear an Ciste Eorpach Cosanta agus a thuarascáil meastóireachta eatramhaí. Ag tógáil ar an taithí sin agus i gcomhlántacht iomlán, tá

sé d'aidhm ag an gClár um Nuálaíocht Shofhreagrach Mhear i Réimse na Cosanta cur chuige níos solúbtha agus níos freagrúla a thabhairt isteach maidir le tacaíocht nuálaíochta cosanta, a bheidh saincheaptha do riachtanais earnáil cosanta an Aontais atá ag athrú go tapa. Cuireann sé freisin le comhairliúcháin fhairsinge le páirtithe leasmhara cosanta (lena n-áirítear trí Idirphlé Straitéiseach 2025 le Tionscal Cosanta an Aontais agus tríd an Idirphlé maidir le Cur Chun Feidhme chun pacáiste Omnibus um Ullmhacht Cosanta a ullmhú).

Glacfaidh an Clár um Nuálaíocht Shofhreagrach Mhear i Réimse na Cosanta modheolaíochtaí agus próisis shimplithe, lena n-áirítear modheolaíochtaí agus próisis maidir le rialachas, roghnú, meastóireacht agus nós imeachta dámhachtana, agus measúnú incháilitheachta, chun cinnteoireacht níos tapúla a chumasú agus chun an t-ualach riaracháin a laghdú (le haghaidh iarratasóirí agus an Choimisiúin araon). Leis an gcur chuige cuíchóirithe sin, éascófar tacaíocht ghasta do réitigh nuálacha chosanta.

Díreoidh an Clár um Nuálaíocht Shofhreagrach Mhear i Réimse na Cosanta ar thacaíocht spriocdhírithe a chur ar fáil d'eintitis aonair, go háirithe FBManna, lena n-áirítear gnólachtaí nuathionscanta nuálacha agus gnólachtaí nuálacha atá i mbun fáis, a bhíonn ar thús cadhnaíochta go minic sa nuálaíocht. Leis an gcur chuige sin, ní hamháin go simpleofar an próiseas iarratais agus cistiúcháin ach beifear in ann tacaíocht níos dírí agus níos éifeachtaí a thabhairt do na príomhghníomhaithe sin san éiceachóras nuálaíochta cosanta freisin.

1.5.4. *Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil agus sineirgí a d'fhéadfadh a bheith ann le hionstraimí iomchuí eile*

Tá an Clár atá beartaithe go hiomlán comhoiriúnach le CAI 2021-2027 atá ann faoi láthair, toisc nach n-éilíonn sé aon bhuiséad nua ná aon athrú ar leithdháileadh foriomlán an bhuiséid do chláir atá ann cheana. Ina ionad sin, baineann sé le hath-imlonnú na n-imchlúdach atá ann cheana don spás agus don chosaint chun tacú le nuálaíocht mhear i réimse na cosanta.

Feidhmeoidh an Clár laistigh den chreat airgeadais atá ann cheana, agus sineirgí le hionstraimí eile de chuid an Aontais á ngiaráil aige, amhail an Ciste Eorpach Cosanta agus an Chomhairle Nuálaíochta Eorpach (CNE). Trí chur le láidreachtaí na gclár sin, trí aghaidh a thabhairt ar bhearnaí sonracha agus trí oibriú i gcomhlántacht iomlán, feabhsóidh an Clár um Nuálaíocht Shofhreagrach Mhear i Réimse na Cosanta éifeachtacht agus éifeachtúlacht fhoriomlán chistiú an Aontais sa réimse sin.

Le cur chun feidhme an Chláir um Nuálaíocht Shofhreagrach Mhear i Réimse na Cosanta in 2027, soláthrófar ceachtanna agus léargais a d'fhéadfadh a bheith mar bhonn eolais don chur chuige i leith na nuálaíochta cosanta sa chéad CAI eile.

1.5.5. *Measúnú ar na roghanna éagsúla maoinithe atá ar fáil, lena n-áirítear na féidearthachtaí athshannadh a dhéanamh*

I bhfianaise na céime reatha de CAI 2021-2027, tá teorainn le hinfhaighteacht foinsí nua cistiúcháin. Dá bhrí sin, tá maoiniú an Chláir ag brath ar ath-leithdháiltí inmheánacha laistigh den CAI atá ann cheana.

Is é EUR 115 mhilliún an cistiú iomlán a leithdháiltear ar an gClár, a mhaoineofar go hiomlán trí acmhainní a ath-imlonnú ó chláir atá ann cheana faoi Ard-Stiúrthóireacht an Tionscail Cosanta agus an Spáis (AS DEFIS). Seo a leanas miondealú na bhfoinsí cistiúcháin:

EUR 35 mhilliún ón gClár um an Tionscal Cosanta Eorpach (EDIP)

EUR 35 mhilliún ón gCiste Eorpach Cosanta

EUR 22,5 milliún ó Chlár Spáis an Aontais

EUR 22,5 milliún ón gClár um nascacht shlán

Leis an gcur chuige sin, is féidir an úsáid is fearr is féidir a bhaint as na hacmhainní atá ar fáil chun tacú leis an gcosaint, lena n-áirithítear gur féidir an Clár a chur chun feidhme gan gá le cistiú breise ó bhuiséad an Aontais.

**1.6. Fad an togra/tionscnaimh agus an fad a mhairfidh an tionchar airgeadais a bheidh aige**

☑ **tréimhse theoranta**

– ☐ i bhfeidhm ón XX/XX/XX go dtí an XX/XX/XX

– ☑ tionchar airgeadais ó 2027 maidir le leithreasuithe faoi chomhair oibleagáidí agus ó 2027 go 2029 maidir le leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí.

☐ **tréimhse neamhtheoranta**

– Cuirfear chun feidhme é le linn na tréimhse tosaigh BBBB go BBBB,

– agus cuirfear ag feidhmiú go hiomlán ina dhiaidh sin é.

**1.7. Na modhanna atá beartaithe chun an buiséad a chur chun feidhme**

☒**Bainistíocht dhíreach** a dhéanann an Coimisiún

– ☑ ina ranna, lena n-áirítear an chuid sin den fhoireann atá i dtoscaireachtaí an Aontais;

– ☐ trí na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin

☐ **Bainistíocht atá comhroinnte** leis na Ballstáit

☒ **Bainistíocht indíreach** trí chúraimí a bhaineann le cur chun feidhme an bhuiséid a shannadh dóibh seo a leanas:

– ☐ tríú tíortha nó na comhlachtaí a d’ainmnigh siad

– ☑ eagraíochtaí idirnáisiúnta agus a ngníomhaireachtaí (tabhair sonraí)

– ☑ an Banc Eorpach Infheistíochta agus an Ciste Eorpach Infheistíochta

– ☑ comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagail 70 agus 71 den Rialachán Airgeadais

– ☐ comhlachtaí dlí poiblí

– ☐ comhlachtaí arna rialú ag an dlí príobháideach agus a bhfuil misean seirbhíse poiblí acu sa mhéid go soláthraítear ráthaíochtaí airgeadais leordhóthanacha dóibh

– ☑ comhlachtaí arna rialú ag dlí príobháideach Ballstáit, ar comhlachtaí iad a bhfuil sé de chúram orthu comhpháirtíocht phríobháideach phoiblí a chur chun feidhme agus dá soláthraítear ráthaíochtaí airgeadais leordhóthanacha

– ☑ comhlachtaí nó daoine a bhfuil sé de chúram orthu bearta sonracha de chuid an chomhbheartais eachtraigh agus slándála a chur chun feidhme de bhun Theideal V den Chonradh ar an Aontas Eorpach, ar comhlachtaí nó daoine iad a aithnítear sa bhunghníomh ábhartha

– ☐·comhlachtaí arna mbunú i mBallstát, arna rialú ag dlí príobháideach Ballstáit nó ag dlí an Aontais agus atá incháilithe le go gcuirfear de chúram orthu, i gcomhréir le rialacha earnáilsonracha, cistí an Aontais nó ráthaíochtaí buiséadacha a chur chun feidhme, a mhéid a bhíonn na comhlachtaí sin á rialú ag comhlachtaí dlí poiblí nó ag comhlachtaí arna rialú ag an dlí príobháideach a bhfuil misean seirbhíse poiblí acu, agus a mhéid a sholáthraíonn na comhlachtaí rialúcháin ráthaíochtaí airgeadais leordhóthanacha dóibh i bhfoirm dliteanas comhpháirteach agus leithleach nó ráthaíochtaí airgeadais coibhéiseacha, agus ar ráthaíochtaí iad a d’fhéadfadh, le haghaidh gach birt, a bheith teoranta d’uasmhéid thacaíocht an Aontais.

Nótaí

| |
|---|
| Áirithítear leis an Rialachán maidir le Clár um Nuálaíocht Shofhreagrach Mhear i Réimse na Cosanta gur féidir roinnt modhanna cur chun feidhme a roghnú: bainistíocht dhíreach, bainistíocht indíreach nó meascán den dá cheann. Roghnófar an modh cur chun feidhme ar bhonn cás ar chás chun tionchar, éifeachtúlacht agus éifeachtacht na n-acmhainní a leithdháiltear ar an gClár a uasmhéadú. Mar shampla, féadfar bainistíocht indíreach a úsáid le haghaidh gníomhaíochtaí áirithe, amhail feachtais tástála agus bhailíochtaithe, i gcás inar féidir an saineolas agus na cumais atá ann cheana a ghiaráil, lena n-áirítear e.g. don Ghníomhaireacht Eorpach um Chosaint. Leis an gcur chuige solúbtha sin, beifear in ann an úsáid is fearr is féidir a bhaint as acmhainní agus áiritheofar go mbainfear cuspóirí an Chláir amach ar bhealach tráthúil agus éifeachtach. |

## 2. BEARTA BAINISTÍOCHTA

### 2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe

I bhfianaise fhad teoranta na hionstraime, ullmhóidh an Coimisiún tuarascáil cur chun feidhme ag deireadh na tréimhse cur chun feidhme chun na príomhéachtaí agus na ceachtanna a foghlaimíodh a chur i láthair. Beidh sé sin mar bhonn eolais do chinntí maidir le dearadh na tacaíochta don nuálaíocht i réimse na cosanta faoin gcéad CAI eile ó 2028 ar aghaidh.

### 2.2. Córais bainistíochta agus rialaithe

*2.2.1. An réasúnaíocht atá leis na modhanna cur chun feidhme buiséid atá beartaithe, leis na sásraí cur chun feidhme cistithe atá beartaithe, leis na módúlachtaí íocaíochta atá beartaithe agus leis an straitéis rialaithe atá beartaithe*

Bainfidh an Clár úsáid as gach cineál cistiúcháin ón Aontas atá ar fáil faoin Rialachán Airgeadais, lena n-áirítear deontais, duaiseanna agus soláthairtí. Cuirfidh sé sin ar chumas an Chláir freagairt do riachtanais éagsúla na gcuideachtaí, ó fhorbairt fréamhshamhlacha go tástáil agus bailíochtú, agus béim á leagan ar theicneolaíochtaí agus ar tháirgí ar ardleibhéil LUT.

Trí raon ionstraimí cistiúcháin a úsáid, is féidir leis an gClár tacaíocht a sholáthar atá saincheaptha do riachtanais shonracha gach tionscadail, agus is féidir leis cuidiú leis an mbearna idir taighde agus cur in úsáid ar an margadh a dhúnadh. Beidh sé d'aidhm ag an gClár íocaíocht a dhéanamh ar bhonn na ngarspriocanna a bhaintear amach, lena n-áiritheofar go mbeidh cistiú ceangailte le torthaí nithiúla. Ceapfar an Clár chun cothromaíocht a bhaint amach idir an gá atá le luas agus solúbthacht agus an gá atá le rialú agus bainistiú riosca éifeachtach. Beidh sásra i bhfeidhm ag an gClár freisin chun cistiú a aisghabháil má fhaightear amach nach gcomhlíonann iarratasóirí critéir incháilitheachta agus roghnúcháin, agus déanfaidh sé a dhícheall chun go mbeidh an t-am chun deontas a thabhairt tapa agus a áirithiú ag an am céanna go bhfuil na rialuithe is gá i bhfeidhm.

*2.2.2. Faisnéis faoi na rioscaí a aithníodh agus na córais rialaithe inmheánacha a cuireadh ar bun chun na rioscaí a mhaolú*

Sainaithníodh riosca sa Chlár go bhféadfaí a chinneadh ar deireadh nach gcomhlíonann roinnt iarratasóirí na critéir incháilitheachta go hiomlán. Chun an riosca sin a mhaolú, déanfaidh an Clár réamh-mheastóireacht ar chritéir roghnúcháin agus incháilitheachta bunaithe ar dhearbhuithe onóra ó iarratasóirí. Chun sraith bhreise rialaithe a sholáthar, déanfaidh an Clár sampláil randamach ar iarratasóirí le haghaidh measúnuithe lánfheidhme úinéireachta agus rialaithe arna ndéanamh ag an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin um Thaighde.

Meastar go bhfuil an cur chuige sin cothrom agus go bhfuil údar cuí leis, i bhfianaise fhócas an Chláir ar thacaíocht a thabhairt do FBManna in earnáil na cosanta. Tugtar le fios i sonraí inmheánacha ó chláir chosanta an Aontais go bhfuil formhór mór na FBManna cosanta san Aontas Eorpach faoi rialú an Aontais, agus dá bhrí sin meastar go bhfuil an riosca neamhchomhlíonta réasúnta íseal. Má mheastar ar deireadh nach gcomhlíonann an t-iarratasóir critéir incháilitheachta, foráiltear sa Chlár go n-aisghabhfar aon chiste íoctha de chuid an Aontais.

Ina theannta sin, áireofar sa Chlár idirghabháil aslaigh, inar féidir critéir incháilitheachta (go háirithe bunaíocht an Aontais) a tharscaoileadh faoi choinníollacha áirithe, ar choinníoll go gcomhlíonann an tairbhí na critéir sin laistigh d'amlíne shonraithe. Chun na rioscaí a bhaineann leis an idirghabháil seo a íoslaghdú, ní íocfar aon réamh-mhaoiniú le tairbhithe a fhaigheann cistiú faoin scéim seo. Ceapfar an córas rialaithe inmheánaigh chun a áirithiú go ndéanfar na rioscaí sin a bhainistiú go héifeachtach agus go mbainfear cuspóirí an Chláir amach.

2.2.3. *Meastachán ar chostéifeachtacht na rialuithe agus an réasúnaíocht atá leis an gcostéifeachtacht sin (an cóimheas idir na costais rialaithe agus luach na gcistí gaolmhara arna mbainistiú), agus measúnú ar an leibhéal riosca earráide a mheastar a bheidh ann (tráth na híocaíochta agus an tráth a dhúnfar an clár)*

Meastar gurb ionann costas na rialuithe don Chlár agus thart ar 2-3 % de bhuiséad iomlán an chláir, a mheastar a bheith ina mhéid réasúnta agus comhréireach i bhfianaise chuspóirí agus phróifíl riosca an chláir. Cuirtear san áireamh sa mheastachán sin na costais a bhaineann le réamh-mheastóireachtaí a dhéanamh, sampláil randamach le haghaidh measúnuithe úinéireachta agus rialaithe, agus bearta rialaithe eile.

Meastar go bhfuil an leibhéal riosca earráide a bhfuiltear ag súil leis íseal, i bhfianaise fhócas an Chláir ar íocaíochtaí atá bunaithe ar gharspriocanna agus ar an sásra chun cistiú a aisghabháil má fhaightear amach nach gcomhlíonann iarratasóirí critéir incháilitheachta agus roghnúcháin. Is é is aidhm don Chlár ráta earráide faoi bhun 2 % a choinneáil, i gcomhréir le sprioc fhoriomlán an Choimisiúin. Déanfar athbhreithniú agus measúnú tráthrialta ar chost-éifeachtúlacht na rialuithe chun a áirithiú go leanfaidh siad de bheith comhréireach agus éifeachtach maidir le rioscaí an Chláir a bhainistiú.

**2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc**

Beidh an Clár um Nuálaíocht Shofhreagrach Mhear i Réimse na Cosanta ag brath ar bhearta agus ar chreataí atá ann cheana chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc agus a bhrath. Beidh an Clár faoi réir chreat foriomlán frithchalaoise an Choimisiúin, lena n-áirítear faireachán agus tuairisciú tráthrialta ar rioscaí agus teagmhais chalaoise. Leanfaidh an Coimisiún de bheith ag obair go dlúth leis an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) agus le húdaráis ábhartha eile chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc agus a imscrúdú.

Ina theannta sin, is é a bheidh mar bhonn leis an gcinnteacht fhoriomlán faoi Airteagal 127 den Rialachán Airgeadais na hiniúchtaí ar úsáid na ranníocaíochta ón Aontas a dhéanfaidh daoine nó eintitis, lena n-áirítear daoine nó eintitis seachas iad sin ar thug institiúidí, comhlachtaí, oifigí nó gníomhaireachtaí eile de chuid an Aontais sainordú dóibh. Scrúdóidh Cúirt Iniúchóirí na hEorpa na cuntais a bhaineann le hioncam agus caiteachas uile an Aontais freisin i gcomhréir le hAirteagal 287 CFAE.

**AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH**

### 3.1. Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid caiteachais ar a n-imreofar tionchar

- Línte buiséid atá ann cheana

*<u>In ord</u> cheannteidil agus línte buiséid an chreata airgeadais ilbhliantúil.*

| Ceannteideal de chuid an chreata airgeadais ilbhliantúil | Líne bhuiséid | Cineál caiteachais | Ranníocaíocht | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Uimhir | LD/LN[26]. | ó thíortha de chuid CSTE[27] | ó thíortha is iarrthóirí agus tíortha is iarrthóirí ionchasacha[28] | Ó thríú tíortha eile | ioncam sannta eile |
| | [XX.YY.YY.YY] | LD/LN | IS EA/NÍ hEA | IS EA/NÍ hEA | IS EA/NÍ hEA | IS EA/NÍ hEA |

- Línte nua buiséid atá á n-iarraidh

*<u>In ord</u> cheannteidil agus línte buiséid an chreata airgeadais ilbhliantúil.*

| Ceannteideal de chuid an chreata airgeadais ilbhliantúil | Líne bhuiséid | Cineál caiteachais | Ranníocaíocht | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Uimhir | LD/LN | ó thíortha de chuid CSTE | ó thíortha is iarrthóirí agus tíortha is iarrthóirí ionchasacha | Ó thríú tíortha eile | ioncam sannta eile |
| 5 | 13.0901 Clár um Nuálaíocht Shofhreagrach Mhear i Réimse na Cosanta | Difreáilte | IS EA | NÍ hEA | NÍ hEA | NÍ hEA |
| | [XX.YY.YY.YY] | LD/LN | IS EA/NÍ hEA | IS EA/NÍ hEA | IS EA/NÍ hEA | IS EA/NÍ hEA |

26 LD = Leithreasuithe difreáilte / LN = Leithreasuithe neamhdhifreáilte.
27 CSTE: Comhlachas Saorthrádála na hEorpa.
28 Tíortha is iarrthóirí agus, i gcás inarb infheidhme, tíortha ó na Balcáin Thiar arb iarrthóirí ionchasacha iad.

## 3.2. An tionchar airgeadais a mheastar a bheidh ag an togra ar leithreasuithe

### *3.2.1. Foinse maoinithe leithreasuithe faoin gClár um nuálaíocht shofhreagrach mhear i réimse na cosanta*

| Rannchuidiú ó Cheannteideal 1 | 2021 | 2022 | 2023 | 2024 | 2025 | 2026 | 2027 | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| E.04020100.02 Galileo | | | | | | | -11,250 | -11,250 |
| E.04020200 Copernicus | | | | | | | -11,250 | -11,250 |
| E.04030100 Nascacht shlán | | | | | | | +22,500 | +22,500 |
| Iomlán Cheannteideal 1 | | | | | | | 0,000 | 0,000 |
| | | | | | | | | |
| Rannchuidiú ó Cheannteideal 5 | 2021 | 2022 | 2023 | 2024 | 2025 | 2026 | 2027 | Iomlán |
| E.13030100 Ciste Eorpach Cosanta | | | | | | | -35,000 | -35,000 |
| E.13010600 Clár um an Tionscal Cosanta Eorpach | | | | | | | -3,500 | -3,500 |
| E.13080100 Clár um an Tionscal Cosanta Eorpach | | | | | | | -31,500 | -31,500 |
| E.13050100 Nascacht Shlán | | | | | | | -45,000 | -45,000 |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Iomlán Ceannteideal 5 | | | | | | | -115,000 | -115,000 |

3.2.2. *Achoimre ar an tionchar a mheastar a imreofar ar leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí*

– ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí

– ☑ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí, mar a mhínítear thíos

3.2.2.1. *Leithreasuithe ón mbuiséad ar vótáladh ina fhabhar*

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| | | |
|---|---|---|
| **Ceannteideal de chuid an chreata airgeadais ilbhliantúil** | 5 | Slándáil agus Cosaint – Braisle 13 Cosaint |

| AS an Tionscail Cosanta agus an Spáis | | | Bliain **2024** | Bliain **2025** | Bliain **2026** | Bliain **2027** | **IOMLÁN CAI 2021-2027** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí | | | | | | | |
| 13.0901 Clár um Nuálaíocht Shofhreagrach Mhear i Réimse na Cosanta | Gealltanais | (1a) | | | | 115,000 | **115,000** |
| | Íocaíochtaí | (2a) | | | | 30,000 | **30,000** |
| Líne bhuiséid | Gealltanais | (1b) | | | | | **0,000** |
| | Íocaíochtaí | (2b) | | | | | **0,000** |
| Leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as imchlúdach na gclár sonrach | | | | | | | |
| | | (3) | | | | | |
| **IOMLÁN leithreasuithe i gcomhair AS an Tionscail Cosanta agus an Spáis** | Gealltanais | =1a+1b+3 | **0,000** | **0,000** | **0,000** | **115,000** | **115,000** |
| | Íocaíochtaí | =2a+2b+3 | **0,000** | **0,000** | **0,000** | **30,000** | **30,000** |
| | | Bliain **2024** | Bliain **2025** | Bliain **2026** | Bliain **2027** | **IOMLÁN CAI 2021-2027** | |

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| IOMLÁN na leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí | Gealltanais | (4) | 0,000 | 0,000 | 0,000 | 115,000 | **115,000** |
| | Íocaíochtaí | (5) | 0,000 | 0,000 | 0,000 | 30,000 | **30,000** |
| IOMLÁN na leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as imchlúdach na gclár sonrach | | (6) | 0,000 | 0,000 | 0,000 | 0,000 | **0,000** |
| **IOMLÁN na leithreasuithe faoi CHEANNTEIDEAL 5**<br>den chreat airgeadais ilbhliantúil | Gealltanais | =4+6 | **0,000** | **0,000** | **0,000** | **115,000** | 115,000 |
| | Íocaíochtaí | =5+6 | **0,000** | **0,000** | **0,000** | **30,000** | 30,000 |

| | | | Bliain 2024 | Bliain 2025 | Bliain 2026 | Bliain 2027 | **IOMLÁN CAI 2021-2027** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| • IOMLÁN na leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí (gach ceannteideal oibríochta) | Gealltanais | (4) | 0,000 | 0,000 | 0,000 | 115,000 | **115,000** |
| | Íocaíochtaí | (5) | 0,000 | 0,000 | 0,000 | 30,000 | **30,000** |
| • IOMLÁN na leithreasuithe de chineál riaracháin arna maoiniú as imchlúdach na gclár sonrach (gach ceannteideal oibríochta) | | (6) | 0,000 | 0,000 | 0,000 | 0,000 | 0,000 |
| **IOMLÁN na leithreasuithe Faoi Cheannteidil 1 go 6**<br>den chreat airgeadais ilbhliantúil (Méid tagartha) | Gealltanais | =4+6 | **0,000** | **0,000** | **0,000** | **115,000** | **115,000** |
| | Íocaíochtaí | =5+6 | **0,000** | **0,000** | **0,000** | **30,000** | **30,000** |

| **Ceannteideal de chuid an chreata airgeadais ilbhliantúil** | **7** | 'Caiteachas riaracháin' | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| AS an Tionscail Cosanta agus an Spáis | | | Bliain **2024** | Bliain **2025** | Bliain **2026** | Bliain **2027** | **IOMLÁN CAI 2021-2027** |
| • Acmhainní daonna | | | 0,000 | 0,000 | 0,582 | 1,164 | **1,746** |
| • Caiteachas riaracháin eile | | | 0,000 | 0,000 | 0,018 | 0,161 | **0,179** |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **IOMLÁN AS an Tionscail Cosanta agus an Spáis** | Leithreasuithe | **0,000** | **0,000** | **0,600** | **1,325** | **1,925** |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **IOMLÁN na leithreasuithe faoi CHEANNTEIDEAL 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil** | (Iomlán na ngealltanas = Iomlán na n-íocaíochtaí) | **0,000** | **0,000** | **0,600** | **1,325** | **1,925** |

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| | | Bliain **2024** | Bliain **2025** | Bliain **2026** | Bliain **2027** | **IOMLÁN CAI 2021-2027** |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **IOMLÁN na leithreasuithe faoi CHEANNTEIDIL 1 go 7** | Gealltanais | **0,000** | **0,000** | **0,600** | **116,325** | **116,925** |
| den chreat airgeadais ilbhliantúil | Íocaíochtaí | **0,000** | **0,000** | **0,600** | **31,325** | **31,925** |

*3.2.3. Achoimre ar an tionchar a mheastar a imreofar ar leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí*

– ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin

– ☑ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin, mar a mhínítear thíos

*3.2.3.1. Leithreasuithe ón mbuiséad ar vótáladh ina fhabhar*

| **LEITHREASUITHE AR VÓTÁLADH INA bhFABHAR** | Bliain **2024** | Bliain **2025** | Bliain **2026** | Bliain **2027** | **IOMLÁN 2021 - 2027** |
|---|---|---|---|---|---|
| **CEANNTEIDEAL 7** | | | | | |
| Acmhainní daonna | 0,000 | 0,000 | 0,582 | 1,164 | **1,746** |
| Caiteachas riaracháin eile | 0,000 | 0,000 | 0,018 | 0,161 | **0,179** |
| **Fo-iomlán CHEANNTEIDEAL 7** | **0,000** | **0,000** | **0,600** | **1,325** | **1,925** |
| **Lasmuigh de CHEANNTEIDEAL 7** | | | | | |
| Acmhainní daonna | 0,000 | 0,000 | 0,000 | 0,000 | **0,000** |
| Caiteachas eile de chineál riaracháin | 0,000 | 0,000 | 0,000 | 0,000 | **0,000** |
| **Fo-iomlán lasmuigh de CHEANNTEIDEAL 7** | **0,000** | **0,000** | **0,000** | **0,000** | **0,000** |
| | | | | | |
| **IOMLÁN** | **0,000** | **0,000** | **0,600** | **1,325** | **1,925** |

*3.2.3.2. Iomlán na leithreasuithe*

| **IOMLÁN NA LEITHREASUITHE AR VÓTÁLADH INA bhFABHAR + IONCAIM SHANNTA SHEACHTRACHA** | Bliain **2024** | Bliain **2025** | Bliain **2026** | Bliain **2027** | **IOMLÁN 2021 - 2027** |
|---|---|---|---|---|---|
| **CEANNTEIDEAL 7** | | | | | |
| Acmhainní daonna | 0,000 | 0,000 | 0,582 | 1,164 | **1,746** |
| Caiteachas riaracháin eile | 0,000 | 0,000 | 0,018 | 0,161 | **0,179** |
| **Fo-iomlán CHEANNTEIDEAL 7** | **0,000** | **0,000** | **0,600** | **1,325** | **1,925** |
| **Lasmuigh de CHEANNTEIDEAL 7** | | | | | |
| Acmhainní daonna | 0,000 | 0,000 | 0,000 | 0,000 | **0,000** |
| Caiteachas eile de chineál riaracháin | 0,000 | 0,000 | 0,000 | 0,000 | **0,000** |
| **Fo-iomlán lasmuigh de CHEANNTEIDEAL 7** | **0,000** | **0,000** | **0,000** | **0,000** | **0,000** |
| | | | | | |
| **IOMLÁN** | **0,000** | **0,000** | **0,600** | **1,325** | **1,925** |

Cumhdófar na leithreasuithe is gá le haghaidh acmhainní daonna agus caiteachas eile de chineál riaracháin le leithreasuithe ón Ard-Stiúrthóireacht a bhfuil bainistíocht an bhirt faoina gcúram cheana agus/nó atá ath-imlonnaithe laistigh den Ard-Stiúrthóireacht, mar aon, más gá, le haon leithdháileadh breise a d'fhéadfaí a thabhairt don Ard-Stiúrthóireacht atá i mbun bainistíochta faoi chuimsiú an nós imeachta maidir le leithdháileadh bliantúil i bhfianaise na srianta buiséadacha.

*3.2.4. Na hacmhainní daonna a mheastar a bheidh riachtanach*

– ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna

– ☑ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna, mar a mhínítear thíos

*3.2.4.1. Nithe arna maoiniú ón mbuiséad ar vótáladh ina fhabhar*

*Sloinnfear an meastachán in aonaid de choibhéis lánaimseartha*

| **LEITHREASUITHE AR VÓTÁLADH INA bhFABHAR** | | Bliain **2024** | Bliain **2025** | Bliain **2026** | Bliain **2027** |
|---|---|---|---|---|---|
| **• Poist don phlean bunaíochta (oifigigh agus foireann shealadach)** | | | | | |
| 20 01 02 01 (Ceanncheathrú agus Oifigí Ionadaíocht an Choimisiúin) | | 0 | 0 | 3 | 6 |
| 20 01 02 03 (Toscaireachtaí an Aontais) | | 0 | 0 | 0 | 0 |
| 01 01 01 01 (Taighde indíreach) | | 0 | 0 | 0 | 0 |
| 01 01 01 11 (Taighde díreach) | | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Línte buiséid eile (sonraigh) | | 0 | 0 | 0 | 0 |
| **• Foireann sheachtrach (in aonaid de choibhéis lánaimseartha)** | | | | | |
| 20 02 01 (AC, END ón 'imchlúdach iomlánaíoch') | | 0 | 0 | 0 | 0 |
| 20 02 03 (AC, AL, END, agus JPD i dToscaireachtaí an Aontais) | | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Riarachán Líne thacaíochta [XX.01.YY.YY] | - sa cheanncheathrú | 0 | 0 | 0 | 0 |
| | - i dToscaireachtaí an Aontais | 0 | 0 | 0 | 0 |
| 01 01 01 02 (AC, END - Taighde indíreach) | | 0 | 0 | 0 | 0 |
| 01 01 01 12 (AC, END – Taighde díreach) | | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Línte buiséid eile (sonraigh) - Ceannteideal 7 | | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Línte buiséid eile (sonraigh) - Lasmuigh de Cheannteideal 7 | | 0 | 0 | 0 | 0 |
| **IOMLÁN** | | **0** | **0** | **3** | **6** |

An fhoireann is gá chun an togra a chur chun feidhme (in aonaid de choibhéis lánaimseartha):

| | **Le cumhdach ag baill foirne reatha atá ar fáil i seirbhísí an Choimisiúin** | **Foireann bhreise eisceachtúil*** | | |
|---|---|---|---|---|
| | | **Le maoiniú faoi Cheannteideal 7 nó Taighde** | **Le maoiniú ó líne BA** | **Le maoiniú ó tháillí** |
| Poist sa phlean bunaíochta | 6 | | Ní bhaineann le hábhar | |
| Foireann sheachtrach (CA, SNEnna, INT) | | | | |

Cur síos ar na cúraimí a bheidh le déanamh ag:

| | |
|---|---|
| Oifigigh agus pearsanra sealadach | Oibreoidh na FTEnna atá á lorg ar fhorbairt beartais mar bhainisteoir cláir chun na réimsí tosaíochta (5 AD) a chur ar bun. Clúdóidh an cúntóir an chuid riaracháin go léir atá nasctha go háirithe leis na glaonna, etc. |
| Pearsanra seachtrach | |

3.2.5. *Forléargas ar an tionchar a mheastar a imreofar ar infheistíochtaí a bhaineann le teicneolaíochtaí digiteacha*

| **IOMLÁN Na leithreasuithe digiteacha agus TF** | Bliain<br>**2024** | Bliain<br>**2025** | Bliain<br>**2026** | Bliain<br>**2027** | **IOMLÁN CAI 2021 - 2027** |
|---|---|---|---|---|---|
| **CEANNTEIDEAL 7** | | | | | |
| Caiteachas TF (corparáideach) | 0,000 | 0,000 | 0,000 | 0,000 | **0,000** |
| **Fo-iomlán CHEANNTEIDEAL 7** | **0,000** | **0,000** | **0,000** | **0,000** | **0,000** |
| **Lasmuigh de CHEANNTEIDEAL 7** | | | | | |
| Caiteachas beartais ar uirlisí TF i dtaca le cláir oibríochtúla | 0,000 | 0,000 | 0,000 | 0,000 | **0,000** |
| **Fo-iomlán lasmuigh de CHEANNTEIDEAL 7** | **0,000** | **0,000** | **0,000** | **0,000** | **0,000** |
| | | | | | |
| **IOMLÁN** | **0,000** | **0,000** | **0,000** | **0,000** | **0,000** |

3.2.6. *Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha*

I gcás an togra/tionscnaimh seo:

– ☑ is féidir é a mhaoiniú ina iomláine trí athshannadh laistigh den cheannteideal ábhartha den chreat airgeadais ilbhliantúil (CAI)

Féach tábla 3.2.1

– ☐ is gá an corrlach gan leithdháileadh faoin gceannteideal ábhartha de CAI a úsáid agus/nó na hionstraimí speisialta a shainítear sa Rialachán maidir le CAI a úsáid

– ☐ is gá athbhreithniú a dhéanamh ar CAI

3.2.7. *Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe*

I gcás an togra/tionscnaimh seo:

– ☑ ní dhéantar foráil maidir le cómhaoiniú le tríú páirtithe

– ☐ déantar foráil maidir leis an gcómhaoiniú le tríú páirtithe atá réamh-mheasta thíos:

Leithreasuithe in EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| | Bliain<br>**2024** | Bliain<br>**2025** | Bliain<br>**2026** | Bliain<br>**2027** | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| Sonraigh an comhlacht cómhaoinithe | | | | | |
| IOMLÁN na leithreasuithe cómhaoinithe | | | | | |

3.3. An tionchar a mheastar a imreofar ar ioncam

– ☑ Ní bheidh aon tionchar airgeadais ag an togra/tionscnamh ar ioncam.

– ☐ Beidh an tionchar airgeadais seo a leanas ag an togra/tionscnamh:

– ☐ ar a n-acmhainní féin

– ☐ ar ioncam eile

– ☐ má tá an t-ioncam sannta do línte caiteachais, sonraigh sin

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| Líne buiséid ioncaim: | Leithreasuithe atá ar fáil don bhliain airgeadais reatha | Tionchar an togra/tionscnaimh[29] | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Bliain **2024** | Bliain **2025** | Bliain **2026** | Bliain **2027** |
| Airteagal …………. | | | | | |

I gcás ioncam atá sannta, sonraigh na línte buiséid caiteachais a ndéantar difear dóibh.

| |
|---|
| |

Aon rud eile (e.g. an modh nó an fhoirmle a úsáideadh chun an tionchar ar ioncam a ríomh nó aon fhaisnéis eile).

| |
|---|
| |

[29] A mhéid a bhaineann le hacmhainní dílse traidisiúnta (dleachtanna custaim, tobhaigh siúcra), ní mór na méideanna a luaitear a bheith ina nglanmhéideanna, i.e. méideanna comhlána agus 20 % de na costais bhailiúcháin a bheith bainte astu.

## 4. GNÉITHE DIGITEACHA

Ní bhunaítear leis an gClár aon cheanglas nua a bhfuil ábharthacht dhigiteach ag baint leis. Beidh sé ag brath ar chórais dhigiteacha agus TF atá ann cheana agus a ndearnadh measúnú orthu cheana, go háirithe i gcás an Chiste Eorpaigh Cosanta.

### 4.1. Ceanglais a bhaineann le cúrsaí digiteacha

Beidh an Clár ag brath ar chórais TF agus ar bhonneagar digiteach atá i bhfeidhm cheana féin le haghaidh chláir chosanta an Aontais, go háirithe an Ciste Eorpach Cosanta. Bhí na córais sin faoi réir measúnuithe idir-inoibritheachta cheana féin i gcomhthéacs ráiteas reachtach airgeadais agus digiteach ábhartha agus na Ráiteas Digiteach gaolmhar.

Ós rud é nach dtugtar isteach leis an Rialachán seo aon fhoráil cheangailteach nua ná aon fhoráil cheangailteach atá modhnaithe go mór maidir le seirbhísí poiblí digiteacha, agus ós rud é go ndéanfar cur chun feidhme digiteach an Chláir trí chórais a ndearnadh measúnú orthu cheana gan modhnú ar a gcroí-ailtireacht ná ar a ngnéithe idir-inoibritheachta trasteorann.

### 4.2. Sonraí

Maidir le bailiú, próiseáil agus malartú sonraí a bhaineann leis an gClár (lena n-áirítear iarratais a chur isteach, measúnú incháilitheachta, bainistiú deontas agus tuairisciú), leanfar na creataí rialachais sonraí, na caighdeáin agus na sonraíochtaí a bunaíodh cheana faoin gCiste Eorpach Cosanta agus faoi chláir ghaolmhara an Aontais.

Comhlíonadh prionsabal na haonuaire, agus ní thugtar isteach aon oibleagáid nua maidir le bailiú sonraí. Tá sreafaí sonraí, róil na bpáirtithe leasmhara agus oibleagáidí tuairiscithe fós comhsheasmhach leis na cinn a ndearnadh measúnú orthu cheana féin. Dá bhrí sin, ní gá aon mheasúnú breise a dhéanamh faoin roinn seo.

### 4.3. Réitigh dhigiteacha

Ní thabharfar isteach réitigh dhigiteacha nua leis an gClár. Beidh an cur chun feidhme ag brath ar ardáin agus ar chórais atá ann cheana agus atá in úsáid cheana féin do chláir chistiúcháin cosanta an Aontais, go háirithe iad siúd a úsáidtear faoin gCiste Eorpach Cosanta, a ndearnadh na measúnuithe ábhartha orthu cheana féin maidir le feidhmiúlacht, comhlacht freagrach, inrochtaineacht, in-athúsáidteacht, comhlíonadh an Ghnímh um an Intleacht Shaorga i gcás inarb infheidhme, agus comhréireacht le creat cibearshlándála an Aontais agus le beartais dhigiteacha eile is infheidhme lena n-áirítear eIDAS.

### *4.4. Measúnú idir-inoibritheachta*

Ós rud é go bhfuil an Clár ag brath go hiomlán ar chórais TF atá ann cheana a ndearnadh measúnú orthu cheana i gcomhthéacs an Chiste Eorpaigh Cosanta, ní thugtar isteach aon cheanglas nua maidir le hidir-inoibritheacht trasteorann. Na seirbhísí poiblí digiteacha a ndéanann an Clár difear dóibh (lena n-áirítear bainistiú glaonna, cur isteach iarratas, tacaíocht mheastóireachta agus faireachán ar dheontais), faigheann siad tacaíocht ó chórais gréasán agus faisnéise a ndearnadh meastóireacht ar a n-idir-inoibritheacht trasteorann cheana féin. Níor sainaithníodh aon bhacainn atá fós ann ar idir-inoibritheacht trasteorann nach gcumhdófaí cheana leis na measúnuithe atá ann cheana.

### 4.5. Bearta chun tacú le cur chun feidhme digiteach

Ós rud é go bhfuil an Clár ag brath ar bhonneagar digiteach atá ann cheana agus a ndearnadh measúnú air cheana, níl gá le haon bheart cur chun feidhme digiteach tiomnaithe nua. Áiritheofar cur chun feidhme digiteach rianúil trí nósanna imeachta oibríochtúla atá ann cheana, treoraíocht d'úsáideoirí agus sásraí tacaíochta atá i bhfeidhm cheana faoin gCiste Eorpach Cosanta agus faoi chláir ghaolmhara a chur i bhfeidhm.

Más gá aon choigeartuithe a dhéanamh ar na córais atá ann cheana le linn an chur chun feidhme, tabharfar aghaidh orthu sin laistigh de chreataí rialachais na gclár ábhartha gan ceanglais nua a bhfuil ábharthacht dhigiteach ag baint leo a bheith mar thoradh orthu.